

*Instítíúid Ealaíne, Deartha
agus Teicneolaíochta Dún
Laoghaire*

Tuarascáil Bhliantúil 2018/19





Clár Ábhair

1	Raitis an Chathaoirligh agus an Uachtaráin	4-6
2	Réamhrá	8
2.1	Banú na hInstitiúide	8
2.2	Fís agus Luachanna na hInstitiúide	8
2.3	Plean Straitéiseach 2019-2023 IADT	9
2.4	Comhionannas agus Éagsúlacht	9
3	Rialchas	12
3.1	An Comhlacht Rialaithe	12
3.2	Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe	14
3.3	Taillí agus Costais an Chomhlachta Riamhlachta	14
3.4	An Fhoireann Shinsearach amhail an 31 Lúnasa 2019	15
4	Ceisteanna Acadúla agus Mic Léinn	17
4.1	An Chomhairle Acadúil	17
4.2	Rialachtas Acadúil	18
4.3	Cláir Fhaofa	19
4.4	Scrúdaitheoirí Seachtracha	22
4.5	Staitisticí maidir le Mic Léinn	27
4.6	Duaiseanna Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mic Léinn	30
4.7	Seirbhísí do Mhic Léinn	40
5	Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha	52
5.1	Gníomhaíochtaí Forbartha	52
5.2	Tionscadail	52
5.3	Naisc Sheachtracha Forbartha	60
5.4	Forbairt Fiontraíochta	63
5.5	Imeachtaí agus Éachtaí	66
5.6	Margaíocht	68
5.7	Tionscnaimh/Forbairtí Campais	68
5.8	Tuairscáil Bainistíochta Fuinnimh	69
5.9	Bainistíocht Sábháilteachta	70
6	Pearsana	73
6.1	Líon Foirne	73
6.2	Comhionannas agus Éagsúlacht	73
6.3	Éachtaí Foirne	76
7	Ráiteas Airgeadais	83
7.1	Ráiteas Airgeadais	83
7.2	Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2018/2019	83

1 Ráitis an Chathaoirligh agus an Uachtaráin

Ráiteas an Chathaoirligh

David Holohan

Is cúis mhór áthais dom an tuarascáil bhliantúil don bhliain acadúil 2018 - 2019 a chur faoi bhur mbráid.

Lean an Institiúid leis an bpróiseas chun a Plean Straitéiseach a athbhreithniú agus a fhorbairt agus sheol Mary Mitchell O'Connor TD, an tAire Stáit um Ardoideachas an plean ar 27 Feabhra 2019. Bogann an Institiúid anois chuig céim chur chun feidhme na straitéise spreagúla uailmhianaí seo.

D'fháiltigh an Institiúid roimh bhunú na Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ar chumasc idir trí Institiúid Teicneolaíochta í (DIT, IT Bhaile Bhlainséir agus IT Thamhlachta) an 1 Eanáir 2019. D'athraigh an fhorbairt seo tírdhreach an ardoideachais in Éirinn agus go háirithe i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus tá IADT, trína straitéis nua, suite go maith chun oiriúnú don éabhlóid seo. Guímid gach rath ar ár gcomhghleacaithe i OT Bhaile Átha Cliath ina bhfiontar nua.

Is mian liom aitheantas a thabhairt d'obair, do thacaíocht agus do thiomantas mo chomhbhall ar an gComhlacht Rialaithe i rith na bliana. I mí Mheán Fómhair 2018, chuir an Comhlacht Rialaithe tús le próiseas meastóireachta seachtraí ar a éifeachtúlacht, agus ghlac an Comhlacht Rialaithe lena thuarascáil i mí an Mhárta 2019 agus leanaimid orainn lena thorthaí agus a mholtaí a chur i bhfeidhm.

D'fhógair ár nUachtarán, an Dr Annie Doona, an 1 Aibreán 2019, go bhfuil sé ar intinn aici éirí as a post an 31 Márta 2020 tar éis dul chun cinn na hInstitiúide a threorú ar feadh naoi mbliana. Gabhaimid buíochas léi as a tiomantas don Institiúid agus as an éacht a rinne sí le linn a téarma oifige. Ina dhiaidh sin chuir an comhlacht rialaithe tús leis an bpróiseas chun duine eile a earcú in ionad Dr Annie Doona. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na hInstitiúide as a dtiomantas agus a dtiomantas don Institiúid, agus ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leo as a gcuid éachtaí i rith na bliana.

David Holohan
Cathaoirleach



Ráiteas an Uachtaráin

David Smith

Táim ag scríobh an mhachnaimh seo ar an mbliain acadúil 2018/2019 agus mé ceaptha mar Uachtarán le déanaí. Agus mé ag scríobh, tá paindéim COVID-19 tar éis ár bpeirspictíocht agus ár dtosaíochtaí a athrú go hiomlán. Beidh na míonna amach romhainn agus an bhliain acadúil seo chugainn go hiomlán difriúil ónár dtaithí go dtí seo.

Tugaim aitheantas do mo réamhtheachtaí, an Dr Annie Doona, agus an méid shuntasach a rinne sí le IADT. Tá an rath agus na héachtaí a luaitear anseo ina mórtoradh ar a tiomantas agus ar a bhfócas ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha de réir mar a chaith sí a bliain deiridh mar Uachtarán.

Ba bhliain ghnóthach rathúil eile í an bhliain acadúil 2018/2019 do IADT. D'éirigh go hiontach le foilsiú Phlean Straitéiseach na hInstitiúide 2019-2023. É seolta i mí Feabhra 2019 ag Mary Mitchell O'Connor T.D., an tAire Stáit um Ardoideachas, soláthraíonn an plean treochlár uailmhianach dúinn dár dtodhchaí. Is iad téamaí an Fheabhais, an Fháis agus an Phobail croíphrionsabail an phlean.

Arís eile, ba éacht é don Chomhlacht Rialaithe, don fhoireann agus do mhic léinn don Institiúid stádas Chatagóir 1 a bhaint amach inár gComhaontú bliantúil HEA. Is ráiteas soiléir poiblí é an t-aitheantas sin, go bhfanann bainistíocht airgeadais agus rialachas corparáideach IADT ar an leibhéal is airde.

Lean naisc agus rannpháirtíocht na hInstitiúide le comhpháirtithe seachtracha agus páirtithe leasmhara ag fás, le Meabhrán Comhaontaithe foirmiúil sínithe le Coláiste Breisoideachais Dhún Droma agus forbairt tosaigh ar chomhaontú foirmiúil le Coláiste Sheridan, Ontario. Lig tacaíocht ó DLRCoCo dúinn dhá thaispeántas shuntasacha a óstáil i nGailearaí Bardasach an dlrLexicon, ATHRÚ SEA: IADT 21 Bliain d'ealaín, scannán agus beochan agus taispeántas agus siompóisiam idirnáisiúnta clóghrafaíochta MoTYF 2018.

Leanann ár bhfoireann, ár mic léinn agus ár n-alumni dámhachtainí a bhuachan agus páirt a ghlacadh i dtionscadail iomráiteacha tionscail agus na meán. I measc an aitheantais náisiúnta agus idirnáisiúnta bhí Duais Phortráide Zurich; Dámhachtainí an Chumainn Ríoga Teilifíse agus go háirithe fuair alumni IADT dhá ainmniúchán do Ghradam an Acadaimh do.

I mí na Samhna 2018, bronnadh Dámhachtainí Comhalta Oinigh ar Sinead Burke (Feachtas Craoltóra agus Cearta Míchumais) agus ar Ann O'Dea (Abhcóide Fiontraí agus Mná sa Teicneolaíocht).

Ba mhaith liom mar fhocal scoir buíochas ó chroí a ghabháil agus aitheantas a thabhairt ar an méid suntasach a rinne baill Foirne, Mic Léinn agus Comhlachtaí Rialaithe na bliana seo.

David Smith
Uachtarán



2 Réamhrá

2.1 Banú na hInstitiúide

Dheonaigh an tAire Oideachais, Niamh Bhreathnach, T.D. stádas féinrialaitheach ar Choláiste Ealaíne agus Deartha Dhún Laoghaire, comhcholáiste de chuid Choiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, de réir Achtanna na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992-1994 le héifeacht ón 1 Aibreán 1997. D'athraigh an Coláiste a ainm trí Ordú ón Aire go dtí Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire le héifeacht ón 8 Eanáir 1998.

2.2 Ráiteas Misin agus Luachanna na hInstitiúide

Tá IADT ina cheannródaí san ardoideachas le fócas sainiúil ar fhorbairt dhéantóirí agus cheannródaithe, theicneolaithe, smointeoirí, scéalaithe agus cruthaitheoirí na todhchaí a bhíonn a stiúrfaidh agus a thabharfaidh nuálaíocht don domhan digiteach atá ag síorathrú.

Is iad seo a leanas croiluachanna na hInstitiúide:

- Meas a léiriú ar ár mic léinn
- Barrfheabhas
- Timpeallacht Thacúil
- Meas a léiriú ar ár bhFoireann
- Saoirse acadúil
- Comhionannas agus Éagsúlacht
- Freagracht Shóisialta, ionracas agus Eiticí
- Comhphobail Chleachtais



2.3 Plean Straitéiseach 2019-2023 IADT

Chríochnaigh IADT an próiseas athbhreithnithe dá Straitéis 2019–2023 agus cheadaigh an Comhlacht Rialaithe an Plean Straitéiseach nua (Todhchaíochtaí Níos Fearr Cruthaithe le Chéile) an 6 Feabhra 2019 agus sheol Mary Mitchell O’Connor TD, an tAire Stáit Ardoideachais é an 27ú Feabhra 2019.

Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach seo ár bhfís don todhchaí, ag suí IADT go uathúil laistigh d’ardoideachas na hÉireann, ag cruthú céimithe cruthaitheacha, fiontraíochta agus teicneolaíochta. Beidh teagmháil leanúnach le tionscal, le gníomhaireachtaí rialtais agus lenár scairshealbhóirí ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an bPlean Straitéiseach seo.

Is é ár sprioc, mar is gnách, céimithe den scoth a bhfuil ardmheas orthu a chruthú, a mhaireann agus a oibríonn mar shaoránaigh dhomhanda, ag cur go gníomhach le forbairt a dtionscal agus leis an tsochaí i gcoitinne, agus a bhfuil baint acu le IADT i gcónaí. Leanaimid orainn ag forbairt smaointeoireacht agus cleachtais chruthaitheacha nua. Tá leathnú réim agus acmhainneacht réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta na réimsí disciplín ar leith d’fhonn na réimsí seo a fhorbairt agus a fhás ina fhócas nua tábhachtach dúinn sa phlean straitéiseach seo.

Beimid ag díriú níos mó freisin ar idirnáisiúnú, ar thaighde, ar fhoghlaim ar líne agus ar fhoghlaim sholúbtha. Aithnímid an tábhacht a

bhaineann le comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus comhghuaillíochtaí in Éirinn ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta, agus go hidirnáisiúnta.

Is bunluachanna lárnacha don Institiúid iad comhionannas agus cothroime. Soláthraímid comhdheiseanna dár gcuid mac léinn agus foirne. Ceiliúraimíud éagsúlacht agus difríocht agus déanaimid iarracht timpeallacht chuimsitheach a sholáthar ina léirítear meas ar dhaoine eile agus atá saor ó idirdhealú agus ó chiapadh. Táimid tiomanta do ghníomhartha dearfacha chun dul i ngleic le haon mhíchothromaíochtaí.

2.4 Comhionannas agus Éagsúlacht

2.4.1 Athena SWAN Ireland

In Aibreán 2017, d’éirigh le Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire ballraíocht a bhaint amach i gclár Athena SWAN Ireland agus tá sí ag obair anois i dtreo iarratas a dhéanamh ar stádas Gradam Chré-umha. Mhol an tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) go mbainfeadh gach institiúid ardoideachais duais Athena SWAN amach laistigh de 3 bliana agus gur chóir go n-éileodh gníomhaireachtaí maoinithe taighde ar Institiúidí Ardoideachais duais Athena SWAN cré-umha a bhaint amach laistigh de 3 bliana agus dámhachtain a airgid a bhaint amach laistigh de 7 mbliana d’fhonn a bheith incháilithe le haghaidh maoinithe.

2.4.1 Athena SWAN Ireland (ar lean)

Le linn na bliana acadúla 2018/19, lean Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN IADT ag obair ar iarratas ar Dhámhachtain Cré-umha Athena SWAN na hInstitiúide a ullmhú. An 3 Deireadh Fómhair 2018, thug Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide cead chun Fochoiste Comhlachta Rialaithe Athena SWAN a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar iarratas na hInstitiúide. I mí Aibreáin 2019, chuir an Institiúid a iarratas ar Dhámhachtain Cré-umha faoi bhráid Athena SWAN/Advance HE.

I mí na Nollag 2018, ceapadh Niamh Clifford Uasal mar Bhainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe/Athena SWAN chun iarratas ar chreidiúnú Athena SWAN na hInstitiúide a chur chun cinn.

2.4.2 Comhionannas Deiseanna

Is fostóir agus soláthróir oideachais comhionannas deiseanna í Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Ní dhéanann sí

leithcheal ar bhaill foirne ná ar mhic léinn ar chor ar bith faoi na naoi bhforas atá leagtha amach san Acht um Stádas Comhionann 2000 (ar bhonn inscne, aoise, cine, creidimh, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumais ná ballraíocht den Lucht Siúil). Tá sí tiomanta do bhacainní ar an oideachas a dhíbirt agus do thús a chur le gníomhaíocht dhearfach d'fhonn deiseanna a chruthú agus a fhairsingiú ar bhonn cuimsitheach. Tá IADT tiomanta go láidir comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn i ngach réimse de IADT agus glacfaidh sé céimeanna réamhghníomhacha chun an méid sin a bhaint amach.



3.1 An Comhlacht Rialaithe

Ceapadh an Bord Rialaithe séú ag an Aire Oideachais agus Scileanna ar feadh téarma cúig bliana ó 1 Aibreán, 2016. Ceaptar an bheirt ionadaithe mic léinn do thréimhse bhliana go dtí an 30 Meitheamh gach bliain. Chas an Comhlacht Rialaithe ar a chéile 10 n-uaire sa tréimhse ón 1 Aibreán 2018 go dtí an 31 Lúnasa 2019.

Ballraíocht an Chomhlachta Rialaithe agus na Cruinnithe ar ar Freastalaíodh

Mr. David Holohan	Cathaoirleach	9
An Dr Annie Doona	Uachtarán	10
Sorcha Nic Cormaic	DDLETB	7
An Comh. Barry Saul	DDLETB	2
An Comh. Ward	DDLETB	3
Mr. Tom Taylor	DDLETB	5
An Dr Fionnuala Anderson	DDLETB	8
Ms. Áine O'Sullivan	KWETB	7
Mr. Kieron Connolly	Comhdháil na gCeardchumann	5
Ms. Aoife Ruane	An Chomhairle Ealaíon	3
Ms. Maeve McConnon	Fiontraíocht Éireann	10
Mr. Jim Pipe	Houghton Mifflin Harcourt (<i>appointed 12th October 2018</i>)	7
Ms. Marie Carroll	Comhpháirtíocht an Deasbhaile	9
Mr. John McDonnell	Fís Éireann	10
Mr. Joachim Pietsch	An Fhoireann Acadúil	10
Ms. Fiona McLoughlin	An Fhoireann Acadúil	6
Ms. Celine Blacow	Comhalta Foirne (seachas Acadóir)	7

Comhaltaí Mac Léinn den Chomhlacht Rialaithe (ceaptha ar bhonn bliantúil)

Mr. Anthony Dunne	Ón 1 Iúil 2018 go dtí 30 Meitheamh 2019	9
Ms. Chloe Power	Ón 1 Iúil 2018 go dtí 30 Meitheamh 2019	9
Mr. Anthony Dunne	Ón 1 Iúil 2019 go dtí 30 Meitheamh 2020	N/A
Ms. Eimear Boyd	Ón 1 Iúil 2019 go dtí 30 Meitheamh 2020	N/A

Feidhmíonn an Bord Rialaithe de réir na hAchtanna IoT 1992 go dtí 2016 arna leasú agus go háirithe i gcomhréir leis an Dara Sceideal a ghabhann leis na hAchtanna

Ghlac an Bord Rialaithe an Cód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta 2018 an 10 Eanáir 2018. Feidhmíonn an Bord Rialaithe de réir an Chóid.

Ghlac an Comhlacht Rialaithe na Buan-Orduithe an 1 Meán Fómhair 2010, a ndearnadh iad a nuashonrú i mí Eanáir 2018, agus feidhmíonn sé de réir na mBuan-Orduithe seo.

Buaileann an Comhlacht Rialaithe leachéile go míosúil suas le deich n-uaire sa bhliain agus bualadh sé lasmuigh den sceideal cruinnithe nuair is gá. Seo a leanas liosta na gcruinnithe Sa tréimhse 1 Meán Fómhair 2018 go 31 Lúnasa 2019:

Dáta na Cruinnithe	Lion na gComhalta i dTreo
5 Meán Fómhair 2018	11
3 Deireadh Fómhair 2018	13
7 Samhain 2018	16
13 Nollaig 2018	13
9 Eanáir 2019	13
6 Feabhra 2019	14
6 Márta 2019	15
3 Aibreán 2019	13
1 Bealtaine 2019	14
12 Meitheamh 2019	14

De réir an Dara Sceideal a ghabhann leis na hAchtanna, is ionann an córam do chruinniú

den Bhord Rialaithe agus 6. Ní raibh aon chruinniú sceidealaithe den Bhord Rialaithe ann agus fógraíodh iad a bheith gan chóram le linn na tréimhse.

Cuireann an Bord Rialaithe a Fheidhmeanna Forchoimeáda i bhfeidhm i gcomhréir le hAlt 21A de na hAchtanna le rún ón mBord Rialaithe. Tá liosta de na Feidhmeanna Forchoimeáda leagtha amach i gCód Rialachais na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2012.

Déanann an Bord Rialaithe iarracht a chinntí a bhaint amach trí chomhréiteach aontaithe. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh, déanann an Bord Rialaithe a chinntí trí thromlach vótaí na gcomhaltaí atá i láthair agus atá ag vótáil ar an gceist, de réir an Dara Sceideal a ghabhann leis na hAchtanna.

Déantar Clár de na cinntí go léir a dhéanann an Bord a choimeád san Institiúid.

De réir Alt 21B de na hAchtanna, is Feidhm Feidhmiúcháin í aon fheidhm nach Feidhm Fhorchoimeáda í agus is é an tUachtarán nó Baill Foirne na nInstitiúide a dhéanann na Feidhmeanna Feidhmiúcháin go léir ar a bhfuil na Feidhmeanna sin tarmligthe go foirmiúil ag an Uachtarán.

Tá na Coistí seo a leanas bunaithe ag an mBord Rialaithe agus feidhmíonn na Coistí seo de réir na dTearmaí Tagartha arna gcomhaontú ag an mBord Rialaithe:

An Coiste Iniúcháireachta (féach Mír 2.5)
An Chomhairle Acadúil (féach Mír 3)

3.2 Fochoiste Iniúcháireachta agus Riosca an Chomhlachta Rialaithe

Bhunaigh an Comhlacht Rialaithe Fochoiste Iniúcháireachta an Chomhlachta Rialaithe ag a gcruinniú an 5 Samhain 2003. Le héifeacht ó Mheán Fómhair 2017, athainmníodh an Coiste mar an Fochoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Foain gCód Cleachtais um Rialchas Comhlachtaí Stáit arna leasú d'Institiúidí Teicneolaíochta (an Cód), ceanglaítear ar an bhFochoiste casadh ar a chéile ara laghad ceithre huair sa bhliain. I rith na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2018 agus 31 Lúnasa 2019, chas an Fochoiste le chéile 4 huair: 27theán Fómhair 2018, 12 Nollaig 2018, 28 Márta, 2019 agus 29 Bealtaine, 2019.

Ballraíocht an Fochoiste agus na Cruinnithe ar Freastalaíodh go dtí 31 Lúnasa 2019

An Dr Fionnuala Anderson (Cathaoirleach)	3
Ms. Marie Carroll	4
Mr. Kieron Connolly	3
Ms. Maeve McConnon	4

3.3 Táillí agus Costais an Chomhlachta Rialaithe

Níl Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe incháilithe táillí a fháil ina n-inniúlacht mar chomhaltaí an Chomhlachta Rialaithe. D'fhéadfadh go mbeadh Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe incháilithe chun táillí agus costais a fháil sa chás go mbíonn siad i gceannas ar bhoird agallaimh, i gcomhréir leis an litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2011 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus A thchóirithe.

Sa tréimhse idir 1 Meán Fómhair 2018 to 31 Lúnasa 2019, iocadh na táillí agus na costais seo

a leanas:

Táillí a íoctar le baill an Chomhlachta Rialaithe as Tinreamh agus Rannpháirtíocht

Comhalta	Táillí/Costais
Mr. David Holohan	Nil / €351
An Dr Annie Doona	Nil / Nil
Sorcha Nic Cormaic	Nil / Nil
An Comh. Barry Saul	Nil / Nil
An Comh. Barry Ward	Nil / Nil
Mr. Tom Taylor	Nil / Nil
An Dr Fionnuala Anderson	Nil / Nil
Ms. Áine O'Sullivan	Nil / Nil
Mr. Kieron Connolly	Nil / Nil
Ms. Aoife Ruane	Nil / Nil
Ms. Maeve McConnon	Nil / Nil
Mr. Jim Pipe	Nil / Nil
Ms. Marie Carroll	Nil / Nil
Mr. John McDonnell	Nil / Nil
Mr. Joachim Pietsch	Nil / Nil
Ms. Fiona McLoughlin	Nil / Nil
Ms. Celine Blacow	Nil / Nil
Mr. Anthony Dunne	Nil / Nil
Ms. Chloe Power	Nil / Nil
Mr. Anthony Dunne	Nil / Nil
Ms. Eimear Boyd	Nil / Nil

Íocaíochtaí a rinneadh le baill an Chomhlachta Rialaithe seo a leanas as Táillí agus Costais an Phainéil Agallaimh

Comhalta	Táillí/Costais
Mr. David Holohan	Nil / Nil
An Dr Annie Doona	Nil / Nil
Sorcha Nic Cormaic	Nil / Nil
An Comh. Barry Saul	Nil / Nil
An Comh Barry Ward	Nil / Nil
Mr. Tom Taylor	Nil / Nil

Comhalta	Táillí/Costais
An Dr Fionnuala Anderson	Nil / Nil
Ms. Áine O'Sullivan	Nil / Nil
Mr. Kieron Connolly	Nil / Nil
Ms. Aoife Ruane	Nil / Nil
Ms. Maeve McConnon	Nil / Nil
Mr. Jim Pipe	€285 / €20
Ms. Marie Carroll	Nil / Nil
Mr. John McDonnell	€1,995 / €120.83
Mr. Joachim Pietsch	Nil / Nil
Ms. Fiona McLoughlin	Nil / Nil
Ms. Celine Blacow	Nil / Nil
Mr. Anthony Dunne	Nil / Nil
Ms. Chloe Power	Nil / Nil
Mr. Anthony Dunne	Nil / Nil
Ms. Eimear Boyd	Nil / Nil

3.4 An Fhoireann Shinsearach amhail an 31 Lúnasa 2019

Liostaítear thíos comhaltaí fhoireann shinsearach an IADT amhail an 31 Lúnasa 2019:

Anim Foirrne	Teideal
An Dr Annie Doona	Uachtarán
An Dr Andrew Power	Clárúitheoir agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht
Bernard Mullarkey	Rúnaí/Rialtóir Airgeadais
Jessica Fuller	Ceann an Chomh pháirteachais Chruthaithe

David Smith	Ceann Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
An Dr Josephine Browne	Ceann Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
Grace Weldon	Bainisteoir na nEastát agus na Saoráidí
Conor Logan	Bainisteoir Airgeadais
Ann Marie Phelan	Bainisteoir Fiontraíochta agus Nuálaíochta
An Dr Tina Kinsella	Ceann Roinn an Deartha agus na nAmharcealaíon
Rónán Ó Muirthile	Ceann Roinn na Scannán agus na Mean
An Dr Andrew Errity	Ceann Roinn na Teicneolaíochta agus na Síceolaíochta
An Dr Therese Moylan	Ceann Roinn na Fiontraíochta
An Dr Kevin Wallace	Ceann Roinn na nDaonnachtaí agus Bhainistíochta na Ealaíon
An Dr Mark Riordan	Ceann Roinn na Forbartha Stráitéisí agus Iarchéime
Niamh Clifford	Bainisteoir Acmhainní Daonna (Gníomhach)
Colm Hennessy	Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise
Vacant	Leabharlannaí
Denise McMorrow	Bainisteoir Taithí Mac Léinn



4

Ceisteanna Acadúla agus Mic Léinn

4.1 An Chomhairle Acadúil

Ceapann an Comhlacht Rialaithe an Chomhairle Acadúil ar feadh téarma trí bliana. Tagann an Chomhairle Acadúil le chéile ar bhonn míosúil i rith na bliana acadúla agus is é an córam caoga faoin gcéad den bhallaíocht. Cheadaigh an Comhlacht Rialaithe togra chun ballraíocht agus struchtúr na Comhairle Acadúla a athnuachan an 7 Samhain 2018. Faomhadh athruithe ar bhallaíocht na bhfochoistí éagsúla freisin.

Chuir an Chomhairle Acadúil líon fochoistí ar bun, ar nós iad seo a leanas:

- An Fochoiste Pleanála Acadúla, Comhordaithe agus Athbhreithnithe
- An Fochoiste Bailíochtaithe Clár
- An Fochoiste um Fbeabhsú Cáilíochta
- An Fochoiste Taghde agus Forbartha
- An Fochoiste um Eispéireas na Mac Léinn
- An Fochoiste Teagaisc agus Foghlama

Seo a leanas ballraíocht na Comhairle Acadúla amhail an 31 Lúnasa 2019:

Comhaltaí Ex Officio

An Dr Annie Doona	Uachtarán agus Cathaoirleach
An Dr Andrew Power	Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus
Jessica Fuller	Ceann an Chomhpháirteachais Chruthaithigh

An Dr Josephine Browne	Ceann Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
David Smith	Ceann Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
David Doyle	Bainisteoir Riaracháin Acadúil agus Gnóthaí Mic Léinn
Denise McMorrow	Bainisteoir Taithí Mac Léinn
Chloe Power	Uachtarán Aontas na Mac Léinn

Comhaltaí Tofa

Rónán Ó Muirthile	Ceann Roinn na Scannán agus na Meán
Paul Comiskey	Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Clyde Doyle	Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
Aoife Giles	Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha (freastal páirtaimseartha)
An Dr Sherra Murphy	Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha
An Dr Kevin Wallace	Ceann Roinn na nDaonnachtaí agus Bhainistíocht na nEalaíon

Comhaltaí Tofa (ar lean)

An Dr Díóg O’Connell	Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
An Dr Caitriona Kirby	Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
An Dr Catherine Cronin	Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
An Dr Sarah Balen	Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí
Grace Latham	Oifigeach Leasa agus Comhionannais Aontas na
Louisa Keogh	Ionadaí Aontas na Mac Léinn
Amy Ní Mhurchú	Ionadaí Aontas na Mac Léinn

4.2 Rialachas Acadúil

Faoin Acht um Cháilíocht agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012, tá cumhachtaí bronnta céimeanna ag an IADT do chlár den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) mar seo a leanas:

Level 6 – Sain/Ardteastas (2006)

Level 7 – Gnáthchéim Bhaitsiléara (2006)

Level 8 – Ardchéim Bhaitsiléara/Ard-dioplóma (2006)

Level 9 – Máistreacht Mhúinte/Dioplóma Iarchéime (2011)

Level 9 – Máistreacht trí Thaighde (2017)

Leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (leasú) 2019 bunaíodh gach institiúid teicneolaíochta go foirmiúil mar chomhlacht dámhachtana ainmnithe uathrialach ón 1 Eanáir 2020, rud a chuir ar a gcumas “dámhachtainí a dhéanamh, seachas céimeanna Dochtúireachta, do mhic léinn ina bhfuil an coláiste sásta go bhfuair na mic léinn an caighdeán cuí eolais, scile nó inniúlachta le haghaidh dámhachtainí atá áirithe sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí”.

Mar thoradh ar an Acht seo, tá IADT anois ina Chomhlacht Dámhachtana Ainmnithe (DAB) den sórt sin agus tá an Institiúid freagrach as Dearbhú agus Feabhsú Cáilíochta leanúnach a cuid clár go léir. Mar chuid da dhea-chleachtas, leanann IADT le hathbhreithniú foirmiúil mionsonraithe rialta a dhéanamh ar a chlár tríd an bpróiseas Athbhreithnithe Cláir. Le linn an phróisis Athbhreithnithe Cláir, déantar athbhreithniú inmheánach ar gach clár agus déanann painéal saineolaithe neamhspleách 'athbhailíochtú' ina dhiaidh sin.

4.3 Cláir Fhaofa

Sonraítear thíos clár an IADT a chuireann cláir lánaimseartha agus pháirtaimseartha fochéime agus iarchéime ar fáil, anuas ar shonraí faoin uair dheireanach a rinneadh na cláir a bhailíochtú:

4.3.1 Cláir Lánaimseartha - 2018/2019

Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí

Clár Teideal	Ceadaithe
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Ealaíon	Aibreán 2015
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) bhFiontraíocht Chultúrtha	Aibreán 2015
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) I mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha	Aibreán 2015
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sna Nuamheáin	Deireadh Fómhair 2016
Baitsiléir Gnó i bhFiontraíocht Fheidhmeach	Aibreán 2015
Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlónadh)	Aibreán 2015
Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht	Aibreán 2015

Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha

Clár Teideal	Ceadaithe
Baitsiléir Ealaíon i dTáirgeadh Ceoil Chruthaitheach	Bealtaine 2014
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Ríomhchlárú Ilmheánach	Márta 2010
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan	Meitheamh 2014

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) san Ealaíon	Samhain 2014
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTáirgeadh Ceoil Chruthaitheach	Márta 2017
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin – Dearadh Smididh Carachtair – Dearadh Feistis – Dearadh Táirgthe	Samhain 2014
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse	Samhain 2014
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh 3D, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach	Samhain 2015
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	Samhain 2014
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc	Deireadh Fómhair 2014
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i gClárú Ilmheán	Márta 2010
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	Bealtaine 2014
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/ Innealtóireacht Gréasáin	Márta 2010
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i dTeicneolaíochtaí na Meán Cruthaitheach	Deireadh Fómhair 2014
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Deireadh i Ríomhaireacht Chruthaitheach	Samhain 2014

4.3.2 Cláir Iarchéime — 2018/2019

Clár Teideal	Ceadaithe
Máistir Ealaíon i gComhoibriú Ealaíne agus Taighde	Meitheamh 2018
Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse	Meitheamh 2018
Máistir Ealaíne i Straitéisí Dearaidh Idirdhisciplíneacha	Meitheamh 2018
Máistir Ealaíon sa Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse	Meitheamh 2018
Máistir Gnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha	Meitheamh 2018
Máistreacht i bhFiontraíocht Dhigiteach	Meitheamh 2018
Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht	Meitheamh 2018
Diplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha	Meitheamh 2018 Meán
Diplóma Iarchéime i nDearadh Eispéireas Úsáideoirí	Fómhair 2016

4.3.3 Cláir Cáilíocht Sainchuspóra — 2018/2019

Clár Teideal	Ceadaithe
Teastas i nGnó Digiteach Feidhmeach	Meitheamh 2017
Teastas sa Chibirshíceolaíocht	Meitheamh 2018
Teastas i dTaighde Criticiúil: Bunúis, Todhchaí agus Scileanna	Meitheamh 2018
Teastas i Léirshamlú Sonraí	Meitheamh 2015
Teastas i Smaointeoireacht Dearaidh	Meitheamh 2018
Teastas i mBunphrionsabail Dhearadh Eispéireas na nÚsáideoirí	Meitheamh 2018
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt	Meitheamh 2018
Teastas i bhFoghlaim Feabhsaithe Teicneolaíochta	Iúil 2012

4.3.4 Céimeanna Máistreachta de réir Cláir Taighde

Cuireann an IADT líon céimeanna Máistreachta ar fáil de réir Taighde i ndisciplíní éagsúla ina measc, an Fhiontraíocht, na Daonnachtaí, na hEalaíona Cruthaitheacha agus an tSíceolaíocht.

4.4 Scrúdaitheoirí Seachtracha

Tugtar cuntas ar Scrúdaitheoirí Seachtracha do gach clár do bhliain acadúil 2018/2019 thíos:

4.4.1 Dámh na Fiontar agus na nDaoinnachaí - Scrúdaitheoirí Seachtracha 2018/2019

Baitsiléir Gnó i bhFiontraíocht Fheidhmeach

An Dr Cedric Chau

Ms. Angela Hamouda

An Dr Patricia Medcalf

Ms. Eleni Rozaki

Ms. Ruth Vance Lee

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht

An Dr Cedric Chau

Mr. Nicholas Eade

An Dr Patricia Medcalf

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) I mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha

An Dr Jennie Carlsten

An Dr Anne Mulhall

An Dr Ian Walsh

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (lánaimseartha agus páirtaimseartha)

An Dr Cedric Chau

Ms. Angela Hamouda

An Dr Patricia Medcalf

Ms. Eleni Rozaki

Ms. Ruth Vance Lee

Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht

An Dr Cedric Chau

Ms. Angela Hamouda

Ms. Eleni Rozaki

An Dr Patricia Medcalf

Ms. Ruth Vance Lee

Máistir Gnó san Fhiontraíocht Dhigiteach

An Dr Tom Egan

Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i Event mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

Mr. Nicholas Eade



4.4.1 Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha 2018/2019

Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i Rí-omhchlárú Ilmheánach

An Dr Kenneth Dawson-Howe

An Dr Cathy Ennis

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Bheochan

An Dr Angela Stukator

Mr. Tom Walsh

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) san Ealaíon

An Dr Sarah Smith

Ms. Kate Strain

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTáirgeadh Ceoil Chruthaitheach

An Dr Brian Bridges

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh

Mr. Joseph McBrinn

Mr. Ashley Shairp

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh

Mr. Joseph McBrinn

Mr. Ashley Shairp

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Smididh Carachtair

Mr. Joseph McBrinn

Mr. Ashley Shairp

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Léiriú i gcomhair Scannán agus Teilifíse

An Dr Ruth Barton

Mr. Hilmar Oddsson

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sna Nuamheáin

An Dr Jennie Carlsten

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht

Ms. Sophy Rickett

An tOllamh Mette Sandbye

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i nDearadh 3D, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach

Ms. Claire Holman

Mr. Tom Walsh

4.4.1 Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha 2018/2019 (ar lean)

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc

Ms. Liza Enebeis

An Dr Javier Gimeno Martinez

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach

An Dr Duncan Brumby

An tOllamh Rachel Msetfi

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/ Innealtóireacht Gréasáin

An Dr Kenneth Dawson-Howe

An Dr Cathy Ennis

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán/ Innealtóireacht Gréasáin

An Dr Kenneth Dawson-Howe

An Dr Cathy Ennis

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Deireadh i Ríomhaireacht Chruthaitheach

An Dr Kenneth Dawson-Howe

An Dr Cathy Ennis

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i dTeicneolaíochtaí na Meán Cruthaitheach

An Dr Anthony Grennan

An tOllamh Tomas Ward

Máistir Ealaíon i gComhoibriú Ealaíne agus Taighde

AnDr Georgina Jackson

Máistir Ealaíon sa Léiriú Craolacháin i gcomhair Raidió agus Teilifíse

An Dr Pat Brereton

Ms. Vanessa Gildea

Mr. Liam O'Brien

Máistir Ealaíon i dTáirgeadh Ceoil Chruthaitheach

Mr. Oscar Van Heek

Máistir Ealaíon i nDearadh Idirdhisciplíneach Straitéisí

Ms. Ruth Kelly

4.4.1 Dámh na Scannán, hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha 2018/2019 (ar lean)

Máistir Ealaíon i Scríbhneoireacht Scáileáin

An Dr Pat Brereton

Mr. Giovanni Robbiano

Máistir Eolaíochta sa Chibirshíceolaíocht

An Dr Alison Attrill-Smith

Máistir Eolaíochta i nDearadh Taithí Úsáideora

An Dr Trevor Hogan

Ms. Fiona Murphy

Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha

An Dr Trevor Hogan

Ms. Fiona Murphy

Teastas i nGnó Digiteach Feidhmeach

Mr. Glenn Mehta

Teastas i Measúnú agus Meastóireacht

Ms. Gina Noonan

Teastas i dTaighde Criticiúil

An Dr Alison Attrill-Smith

Teastas sa Chibirshíceolaíocht

An Dr Alison Attrill-Smith

Teastas i Léirshamlú Sonraí

An Dr Cathy Ennis

Teastas i Smaointeoireacht Dearaidh

Ms. Fiona Murphy

Teastas i mBunphrionsabail Dhearadh Eispéireas na nÚsáideoirí

An Dr Trevor Hogan

Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt

An tOllamh Rachel Msetfi

Teastas sa Teagasc agus san Fhoghlaim

Ms. Gina Noonan

Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta

Ms. Gina Noonan



4.5. Staitisticí maidir le Mic Léinn 2018/19


4.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2018/19

	An chéad bhliain	Blianta Eile	Iomlán
BEal. i dTáirgeadh Ceoil Chruthaithe	0	70	70
BGnó i bhFiontraíocht Fheidhmeach	31	67	98
BInn. i dTeicneolaíocht na Meán Ciosamhairc	0	1	1
BEal. (Onóracha) sa Bheochan	32	96	128
BEal. (Onóracha) san Ealaíon	46	111	157
BEal. (Onóracha) i Staidéar Gnó agus Bainistíocht Ealaíon	30	72	102
BEal. (Onóracha) i dTáirgeadh Ceoil Chruthaithe	36	25	61
BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Feistis	6	33	39
BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Smididh Carachtair	11	32	43
BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gcomhair an Ardáin agus an Scáileáin - Dearadh Táirgthe	2	22	24
BEal. (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha	39	124	163
BEal. ((Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse	34	99	133
BEal. (Onóracha) sna Nuamheáin	38	36	74
BEal. (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht	20	56	76
BEal. (Onóracha) i nDearadh 3D, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach	24	92	116
BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc	31	93	124
BEol. (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach	59	170	229
BEol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Inne-altóireacht Gréasáin	0	1	1
BEol. (Onóracha) i Ríomhaireacht Chruthaitheach	40	106	146
BEol. (Onóracha) i dTeicneolaíochtaí na Meán Cruthaitheach	20	58	78

4.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2018/19 (ar lean)

	An chéad	Blianta Eile	Iomlán
BGnó (Onóracha) san Fhiontraíocht (Forlónadh bliana (lánaimseartha agus páirtaimseartha)	0	20	20
BGnó (Onóracha) san Fhiontraíocht agus sa Bhainistíocht	42	99	141
MEal. i gComhoibriú Ealaíne agus Taighde	0	17	17
MEal. i Léiriú Craolacháin i gComhair Raidió agus Teilifíse	0	18	18
MEal. i Cineamatagrafaíocht (Erasmus Mundus Comhchéim MEal.)	0	21	21
MEal. i Straitéisí Dearaidh Idirdhisciplíneacha	0	7	7
MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse	0	13	13
MEal. i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha	0	10	10
MGNó i bhFiontraíocht Dhigiteach	0	4	4
MEol. sa Chibirshíceolaíocht	0	37	37
Dioplóma Iarchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha	0	11	11
Dioplóma Iarchéime i nDearadh Eispéireas Úsáideoirí	0	22	22
Teastas i nGnó Digiteach Feidhmeach (Cáilíocht Sainchuspóra)	0	1	1
Teastas i dTaighde Criticiúil: Bunúis, Toghcháin agus Scileanna (C.S.)	0	11	11
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (C.S.)	0	17	17
Teastas i Léirshamlú Sonraí (C.S.)	0	10	10
Teastas i Smaointeoireacht Dearaidh (C.S.)	0	18	18
Teastas i mBunphrionsabail Dhearadh Eispéireas na nÚsáideoirí (C.S.)	0	32	32
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (C.S.)	0	23	23
Teastas i bhFoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (C.S.)	0	1	1
Iomlán (seachas Máistreacht ag mic léinn Taighde)	541	1756	2297

4.5.2 Clárúcháin Mac Léinn 2018/19



Clárú Mic Léinn Lánaimeartha

Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 7 Fir 24

- Iomlán 31 (6% nó de Mac Léinn)

Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 251 Fir 259

- Iomlán 510 (94% nó de Mac Léinn)

4.5.3 Iomlán na Mic Léinn de réir Leibhéal Cáilíocht



Mic Léinn Lánaimeartha Iomlána

Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 43 Fir 126

- Iomlán 169 (8% nó de Mac Léinn)

Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 989 Fir 863


- Iomlán 1852 (88% nó de Mac Léinn)

Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 52 Fir 36

- Iomlán 88 (4% nó de Mac Léinn)

4.5.4 Iomlán na Mic Léinn Páirtaimseartha Foriomlán de réir Leibhéal Cáilíocht



Iomlán na Mic Léinn Páirtaimseartha

Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 2 Fir 1

- Iomlán 3 (2% nó de Mac Léinn)

Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 45 Fir 27


- Iomlán 72 (38% nó de Mac Léinn)

Dámhachtainí Sainchuspóra

Mná 55 Fir 58

- Iomlán 113 (60% nó de Mac Léinn)

4.5.5 Céimithe de réir Leibhéal Cáilíocht



Céimithe de réir Leibhéal Dámhactana

Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 16 Fir 57

- Iomlán 73 (9% nó de Mac Léinn)

Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 225 Fir 187

- Iomlán 412 (54% nó de Mac Léinn)

Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 87 Fir 63

- Iomlán 150 (20% nó de Mac Léinn)

Dámhachtainí Sainchuspóra

Mná 63 Fir 65

- Iomlán 128 (17% nó de Mac Léinn)

4.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn 2018/19

4.6.1 Duaiseanna Mac Léinn

Dámhachtainí Ionad Oideachais na Carraige Duibhe (Samhain 2018)

Fuair Mike Culligan [BEol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i gCórais Ilmheán agus Innealtóireacht Gréasáin] an Dámhachtain don Tionscadal Oideachais ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018.

Dámhachtainí CIMA (Samhain 2018)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí CIMA ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018:

- Chris Boylan [BGnó i bhFiontraíocht Fheidhmeach], Dámhachtain Airgeadas 3.
- David Byrne [BGnó (Onóracha i bhFiontraíocht)], Dámhachtain Cánach & Airgeadais.
- Ruta Gulbe-Svane [BEal (Onóracha) i mBainistíocht Ealaíon], Dámhachtain Bainistíocht Airgeadais
- Megan Lunney [BGnó (Onóracha) i bhFiontraíocht agus Bainistíocht], Dámhachtain Cánach & Airgeadais.

Dámhachtainí Bhainc Aontaithe na hÉireann (Samhain 2018)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí Bhainc Aontaithe na hÉireann ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018:

- Floe Davis [BEal (Onóracha) i Staidéir Mheán agus Chultúrtha Béarla], Dámhachtain Sármhaitheasa
- Catherine Lane [BEal (Onóracha) i Staidéir Mheán agus Chultúrtha Béarla], Dámhachtain sna Daonnachtaí.

Dámhachtainí Mac Léinn Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Samhain. 2018)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí Mac Léinn Bhord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag an searmanas bronnta an 9 Samhain:

- Philip Byrne [BGnó (Onóracha) i bhFiontraíocht], Dámhachtain i bhFiontraíocht
- Eleanor Collier [BGnó (Onóracha) i bhFiontraíocht (Solúbtha)], Dámhachtain i bhFiontraíocht.
- Siobhan Lucey [BA (Onóracha) i mBainistíocht Ealaíon], Dámhachtain Ealaíon Straitéiseach.
- Conor Walsh [BGnó (Onóracha) i bhFiontraíocht agus Bainistíocht] Dámhachtain i bhFiontar.

Mac Léinn na Bliana de chuid na nDámh (Samhain 2018)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí Mac Léinn na Bliana de chuid na nDámh ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018:

- Claudia Crampton [BEal. (Onóracha) i mBéarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha]
- Rachel Elder [Máistir Eolaíochta i nDearadh Taithí Úsáideora]
- Frances Healy [BEal. ((Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse]
- Gordon McGuire [Diplóma Iarchéime i nDearadh Eispéreas Úsáideoirí]
- Robert McLoughlin [BEol. (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach]
- Jennifer Murphy [MEol. sa Chibirshíceolaíocht]

4.6.1 Duaiseanna Mac Léinn (ar lean)

Mac Léinn na Bliana de chuid na nDámh (ar lean)

- Fuair Siobhan Nic Gaoithin [Diplóma larchéime sa Ghnó i mBainistíocht Imeachtaí Cultúrtha] Dámhachtain Chuimhneacháin Mháire Uí Riain.
- Ellen O'Connor [BEal. (Onóracha) san Ealaíon]
- Susan O'Donovan [BSc BEol. (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach]
- Jack O'Reilly [BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc]
- Gareth Williams [Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i gClárú Ilmheáin]

Dámhachtainí na Scoile Náisiúnta Scannán (Samhain 2018)

Fuair na mic léinn SNS seo a leanas dámhachtainí ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018:

- Bronnadh Eabha Bortolozzo and Jack Kirwan [BEal. (Onóracha) sa Bheochan] Dámhachtainí Beochana do Windmill Lane Pictures.
- Bronnadh Dámhachtain Ghild Scríbhneoirí na hÉireann ar Aoife Bradshaw [MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse].
- Bronnadh Dámhachtain Aileen MacKeogh ar Slawomir Braki [BEal. ((Onóracha) i Léiriú Scannán agus Teilifíse]

- Bronnadh Dámhachtain Tráchtais ar Stephanie Connolly [BEal. (Onóracha) sa Dearadh i gCumarsáid Amhairc] i ngeall ar Shármhaitheas Acadúil.
- Bronnadh Colm Drennan [BA (Onóracha) i Léiriúchán Ceoil Chruthaithigh], Mac Léinn na Bliana urraithe ag Musicmaker.
- Bronnadh Céad Dámhachtain na Scoile Náisiúnta Scannán Do Scannánaí is Fearr na Bliana ar Frances Healy [BA (Onóracha) i Léiriúchán Scannán & Teilifíse].
- Bronnadh Ghrianghrafadóirí Gairmiúla na hÉireann ar Audrey Hendy [BEal. (Onóracha) sa Ghrianghrafadóireacht].
- Bronnadh Dámhachtain Mac Léinn na Bliana o Youlean & Melda are Daryl Howe [BA i Léiriúchán Ceoil Chruthaithigh].
- Bronnadh RTÉ do Léiriúchán Craolta ar Jonathan White [MEal. i Léiriú Craolacháin i gComhair Raidió agus Teilifíse].

Dámhachtain Olivia Burke (Samhain 2018)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí Tionscnaimh Olivia Burke ag an searmanas bronnta an 9 Samhain 2018:

- Dean Rowe [Baitsiléir Gnó i bhFiontraíocht Fheidhmeach]
- Carol Thornton [Baitsiléir Gnó (Onóracha) san Fhiontraíocht]

4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha Mic Léinn/ Céimithe

Dámhachtainí RDS Visual Arts (Deireadh Fómhair 2018)

Fuair Anishta Chooramun [BEal (Onóracha) in Ealaíon 2018] agus mac léinn reatha an chlár MA i gComhoibriú Ealaíne agus Taighde, Gradam Stiúideo Iarchéime RHA mar chuid de Dhámhachtainí Amharcealaíona RDS a tionóladh i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2018. Mar chuid den dámhachtain , Fuair Anishta € 5,000, móide stipinn de €2,500. Bhí a cuid oibre dar teideal, 'And Then We Met', ina raibh sraith dealbhóireachta déanta as ábhair éagsúla lena n-áirítear beith, sraithadmad, páipéar, gloine, fabraicí srl., Mar chuid de Thaispeántas Dámhachtainí Amharcealaíon an RDS a bhí ar siúl ón 25 go 28 Deireadh Fómhair 2018.

Duais Portráid Zurich 2018 (Deireadh Fómhair 2018)

Bhuaigh céimí IADT, Mandy O'Neill [MA i Staidéar ar Chultúr Poiblí 2016] Duais Portráid Zurich 2018 mar chuid de chomórtas portráid bhliantúil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Mar chuid dá duais, fuair Mandy €15,000 agus coimisiún dar luach €5,000 chun saothar nua a tháirgeadh le cur san áireamh sa Bhailiúchán Náisiúnta Portráid.

Dámhachtain Grianghrafadóireacht Na nEalaíon Inspioráideach 2018 (Deireadh Fómh. 2018)


Fógraíodh Luke Faulkner [BA (Onóracha) i nGrianghrafadóireacht 2018] mar bhuaiteoir Dhámhachtain Grianghrafadóireachta na nEalaíon Inspioráideach (IA) 2018 as a chuid oibre dar teideal 'I'm Addicted To You, Don't You Know That You're Toxic'. Bhí saothar Luke le feiceáil mar chuid de Thaispeántas Grúpa Grianghrafadóireachta an IA a tionóladh ag The Library Project, Baile Átha Cliath ón 5 go 21 Deireadh Fómhair 2018.

Dámhachtainí Iarchéime Institiúid na nDearthóirí in Éirinn (Nollaig 2018)

Fuair na céimithe IADT BEal (Onóracha i nDearadh Cumarsáide Amhairc 2018) seo a leanas Dámhachtainí ag searmanas Dámhachtainí Iarchéime Institiúid na nDearthóirí in Éirinn, a d'óstáigh IADT an 6 Nollaig 2018:

- Fuair Shauna Buckley an Dámhachtain Chlógghrafaíochta agus an Grand Prix as 'No Place Good Place'.
- Fuair Emer Brennan an Dámhachtain Taighde Dearaidh as "I'm Coming Out": Léiriú aitheantais aitigh trí bhileoga club oíche na hÉireann, 1980 - 2000'.





4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha Mic Léinn/ Céimithe (ar lean)

Dámhachtainí larchéime Institiúid na nDearthóirí in Éirinn (ar lean)


Fuair na céimithe IADT BEal (Onóracha i nDearadh Cumarsáide Amhairc 2018) seo a leanas Dámhachtainí ag searmanas Dámhachtainí larchéime Institiúid na nDearthóirí in Éirinn, a d'óstaigh IADT an 6 Nollaig 2018:

- Fuair Shauna Buckley an Dámhachtain Chlóghrafaíochta agus an Grand Prix as 'No Place Good Place'.
- Fuair Emer Brennan an Dámhachtain Taighde Dearaidh as "I'm Coming Out": Léiriú aitheantais aitigh trí bhileoga club oíche na hÉireann, 1980 - 2000'.
- Fuair Stephanie Connolly na Dámhachtainí Trasdisciplín, Aitheantais Branda agus Pacáistithe as 'Little Talks'.
- Fuair Ruairí Crawley Idir an Dámhachtain 'Design for Digital' as 'The Future of Digital Healthcare'.
- Fuair Kayleigh McCarthy an Dámhachtain Ábhar Clóite do Chlár agus Póstaer an Cheoldráma 'La Finta Giardiniera'.

Royal Television Society Dámhachtainí Mac Léinn Phoblacht na hÉireann (Márta 2019)

Fuair na mic léinn IADT seo a leanas dámhachtainí ag Dámhachtainí Mac Léinn Phoblacht na hÉireann RTS a tionóladh an 5 Márta 2019:

- Fuair Eabha Bortolozzo agus Jack Kirwan [BEal (Onóracha) i mBeochan 2018], Dylan Boyle agus Stephen Harris [4ú Bliain BEal (Onóracha) i Léiriúchán Ceoil Chruthaithigh] agus Sam Farrar [3ú Bliain BEal i Léiriúchán Ceoil Chruthaithigh] an Dámhachtain Fochéime um Beochan Fochéime do 'The Usual'.
- Fuair Jack Desmond, Philip Emo, Sean Doupe agus Cian Desmond [BEal (Onóracha) i Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2018] an Dámhachtain Fochéime Gearrscannán as 'Speak to Her'.
- Fuair Brendan McCallion, Frank O'Malley, Robin J. Kavanagh agus Brendan Corcoran [BA (Onóracha) i Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2018] an Dámhachtain Fochéime Drámaíochta do 'Backwater'.



4.6.2 Dámhactainí Seachtracha Mic Léinn/ Céimithe (ar lean)

Dámhactainí Beochana Fhéile Daingean Uí Chúis (Márta 2019)

Fuair na céimithe 2018 seo a leanas de chuid BEal (Onóracha) in Beochan IADT dámhactainí ag Féile Beochana Bhliantúil Dhaingean Uí Chúis an 22 agus an 23 Márta 2019:

- Bhuaigh Eabha Bortolozzo agus Jack Kirwan an Dámhactain don Dearaidh Fuaime is Fearr do 'The Usual'.
- Bhuaigh Brigid Purcell Dámhactain an Scríbhneora is Fearr as 'Screw It'.
- Bhuaigh Grainne White Dámhactain an Stiúrthóra is Fearr do 'Fathom'.

Buaiteoirí Fhleadh Scannánaíochta na Gaillimhe (Iúil 2019)

Fuair na céimithe seo a leanas ó Scoil Scannánaíochta Náisiúnta IADT dámhactainí ag 31ú Fleadh Scannánaíochta na Gaillimhe an 14 Iúil 2019:

- Fuair Paudie Baggott [BA (Onóracha) i Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2011] Dámhactain Donal Gilligan don Chineamatagrafaíocht is Fearr i nGearr-Scannán as a saothar dar teideal 'Rip to the Rescue'.
- Fuair Lara Hickey [MA i Léiriúchán Cruthaitheach & Airgeadas Scáileáin 2018] Dámhactain na chéad Ghearr-dhrámaíochta is Fearr dá scannán dar teideal 'Bainne'.

Dámhactainí Royal Television Society (Meitheam 2019)

Fuair na mic léinn IADT seo a leanas dámhactainí ag babhta ceannais an Chumainn Teilifíse Ríoga a tionóladh i Londain RA an 28 Meitheamh 2019:

- Fuair Philip Emo [BA (Onóracha) i Léiriúchán Scannán & Teilifíse 2018] an Dámhactain um Scileanna Ceardaíochta Fochéime - Scríbhneoireacht as 'Speak to Her'.
- Fuair Brendan McCallion, Frank O'Malley, Robin J. Kavanagh agus Brendan Corcoran [an Dámhactain Drámaíochta Fochéime as 'Backwater'.
- Fuair Brendan McCallion [] an Dámhactain um Scileanna Ceardaíochta Fochéime - Eagarthóireacht as 'Backwater'.

Dámhactain Markievicz (Lúnasa 2019)

D'fhógair Josepha Madigan TD, an tAire Cultúir, Oidhreacht agus na Gaeltachta Isadora Epstein [MEal i gComhoibriú Taighde Ealaíne 2018] mar dhuine de bhuaiteoirí Dhámhactain Markievicz. Bronnadh na dámhactainí den chéad uair in 2019 in ómós don Chuntaois Constance de Markievicz. Fuair faighteoirí na ndámhactainí suas le €20,000 é riartha ag an gComhairle Ealaíon thar ceann na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe

Dámhachtainí na bhFochéimithe (Meán Fómhair 2018)

Tugadh ardmholadh d'aistí a chuir céimithe IADT, Floe Davis [BEal (Onóracha) i Staidéar Béarla Meán & Cultúrtha 2018] agus Stephanie Connolly [BEal (Onóracha) i nDearadh Cumarsáide Amhairc 2018] ag ócáid Dhámhachtainí na bhFochéimithe i Meán Fómhair 2018.

Intéirneacht Fhóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta agus Foghlama in Ardoideachas (Meán Fómhair 2018)

Thosaigh an céimí Simon Lynch [BEal (Onóracha) i nDearadh Cumarsáide Amhairc 2017] le hintéirneacht sé mhí leis an bhFóram Náisiúnta um Fheabhsú Múinteoireachta & Foghlama, Baile Átha Cliath.

Taispeántas Sea Change (Meán Fómh. 2018)

Thaispeáin céimithe na Scoile Scannán Náisiúnta ag IADT a gcuid oibre ag an taispeántas dar teideal 'SEA CHANGE: IADT 21 Years of art, film and animation' a tionóladh i nDánlann Chathrach dlr Lexicon, Dún Laoghaire ón 14 Meán Fómhair go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2018. I measc na isaothair a bhí ann bhí saothair ó shainréimsí na healaíne, na scannánaíochta agus na beochana agus leag siad béim ar éagsúlacht na gcleachtas ealaíne atá forbartha ag céimithe thar aon bhliain is fiche.

Socrúcháin New Frontiers Placement (Samhain 2018)

Glacadh le Bébhínn Sheridan [4ú bliain BEal (Onóracha) i Síceolaíocht Fheidhmeach] ar an gclár New Frontiers. Is éard atá sa Chlár New Frontiers ná clár Fiontraíocht Éireann atá dírithe ar thacú le bunú agus ar le fás na teicneolaíochta nó fiontair dhian-eolais a bhfuil sé d'acmhainn acu trádáil go hidirnáisiúnta agus fostaíocht a chruthú in Éirinn. Seachadann IADT an clár trí chéime i gcomhpháirtíocht le DIT Hothouse, agus thar gach céim, tá rochtain ag na rannpháirtithe ar spás deisce laistigh de Chiúb na Meán. Bronnadh Duais Luasaire Accenture Leaders of Tomorrow ar Bébhínn as a tionscadal 'Compensave' i mí an Mhárta 2018.

Taispeántas 'Aesthetic Distance' (Nollaig 2018)

Reáchtáil Vera Ryklova [BA (Onóracha) Photography 2015] a céad taispeántas aonair dar teideal 'Aesthetic Distance' in Ionad Ealaíon Triskel ón 6 Nollaig 2018 go dtí an 28 Eanáir 2019. Taiscéal grianghrafadóireachta ar mhian agus ar an bhféintuiscint laistigh de choincheap an mhuintearais shóisialta ahus chultúrtha a bhí i dtaispeántas Vera agus cuimsíonn sé sraith féinphortráidí stáitsithe.

Taispeántas 'Making the Intangible Tangible' Exhibition (Eanáir 2019)

Reáchtáil mic léinn IADT de BEal (Onóracha) san Ealaín taispeántas dá gcuid oibre sa United Arts Club, Baile Átha Cliath 2. Ba é teideal an taispeántais ná 'Making .



4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Gearrliosta Ghradam an Acadaimh (Eanair 2019)

Cuireadh céimí IADT, Louise Bagnall [BEal (Onóracha) i mBeochan 2007] ar an ngearrliosta do Ghradam Acadaimh as a scannán dar teideal 'Late Afternoon'. Scríobh agus stiúir Louise an scannán agus rinne Cartoon Saloon scannánú air agus pléann sé comharthaí meathlúcháin an néaltraithe.

Ainmniúcháin Oscars 2019 (Feabhra 2019)

Ainmníodh beirt chéimithe IADT le haghaidh dámhachtainí ag an 91ú Searmanas dp Dhámhachtainí Oscars in Los Angeles an 9 Feabhra 2019:

- Ainmníodh Louise Bagnall [BEal (Onóracha) i mBeochan 2007] don chatagóir Gearrscannán Beochana is Fearr do 'Late Afternoon'.
- Ainmníodh Vincent Lambe [Diplóma Náisiúnta i nDearadh i gCumarsáideanna - Scannán & Físeán 2002] don chatagóir Gearrscannán Beo-aicsean is Fearr do 'Detainment'.

Dámhachtainí Golden Glove 2019 (Eanair 2019)

Ba é céimí IADT, Robbie Ryan [Teastas Náisiúnta i dTeicneolaíocht i dTeicneolaíocht na Meán Closamhairc 1993] an cineamatagrafaí le haghaidh 'The Favourite', a fuair Dámhachtain Golden Glove don Scannán is Fearr


Féile Scannán 2019 Sundance (Eanair 2019)

Rinne beirt chéimithe de chuid IADT a scannán dar teideal 'GAZA' a thaispeáint ag Féile Scannán Sundance, a tionóladh in Utah SAM ón 24 Eanáir go dtí an 3 Feabhra 2019. Ba é Garry Keane [Ard-Diplóma Náisiúnta i gCumarsáid Dearaidh 1991] a chomhordaigh an clár faisnéise agus rinneadh eagar-thóireacht air le Mick Mahon [BDes. i nDearadh Scannán & Físe 1998]. D'fhorbair an scannán portráid de ghnáthmhuintir Gaza agus iad ag iarraidh saol bríoch a bhaint amach i gcomhthéacs na coimhlinte ilbhliantúla.

Taispeántais 'In The Making' Exhibitions (Feabhair 2019)

Chuir mic léinn bliana céime BEal (Onóracha) san Ealaín IADTa gcuid oibre ar taispeáint ag Tionscadail Pallas. Cuireadh an taispeántas i láthair i dtrí chuid, dar teideal 'FLUX', 'SAGA' agus 'HOST' agus tionóladh é i dTionscadail Pallas, Baile Átha Cliath an 31 Eanáir, 7 Feabhra agus n 14 Feabhra 2019 .





4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Na 30 Céimí Dearaidh Idirnáisiúnta is fearr (Feabhair 2019)

Roghnaíodh céimithe IADT Liam Hamill agus Susannah O’hUadhaig [BEal (Onóracha) i nDearadh Cumarsáide Amhairc 2018] i measc na 30 Céimí Dearaidh Idirnáisiúnta is Fearr in 2018 agus ba iad amháin na buaiteoirí Éireannacha a roghnaigh The Design Kids (TDK). Gach bliain tugann TDK cuireadh do dheichniúr ceannaire tionscail idirnáisiúnta an triúr a thabharfadh siad cuireadh dóibh a chur faoi agallamh ina gcuid scannán a roghnú. Roghnaigh Jessica Walsh ó Sagmeister & Walsh Nua-Eabhrac Susannah, agus roghnaigh Caroline Bagley agus Sohee Kim as COLLINS, San Francisco, Liam

Taispeántas Grianghrafadóireachta ARCHIVE (Aibreán 2019)

Reáchtáil mic léinn 2ú Bliain BEal (Onóracha) i nGrianghrafadóireacht taispeántas dá gcuid oibre dar teideal ARCHIVE i nGailearaí an Copper House, Baile Átha Cliath 8 idir 5 go 11 Aibreán 2019.

Taispeántas san IMMA (Aibreán 2019)

Reáchtáil mic léinn 1ú Bliain BEal (Onóracha) in Ealaín IADT taispeántas i stiúideonna Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) ón 5 go dtí an 10 Aibreán 2019. Ba é an obair a bhí ar taispeáint ná freagraí sainiúla na mac léinn ar IMMA mar bhuaicphointe 2019 'Place

Project', comhoibriú bliantúil 12 seachtaine idir BEal (Onóracha) in Ealaíon IADT agus IMMA.

Léiriú ag Féile Scannán Cannes (Bealtaine 2019)

Rinne ceathrar céimithe ó Scoil Scannán Náisiúnta IADT a scannán, 'Vivarium', a thaispeáint den chéad uair ag Féile Scannán Cannes a bhí ar siúl idir 14 agus 25 Bealtaine 2019. Ba é Lorcan Finnegan [Baitsiléir Dearaidh sna Meáin Idirghníomhacha 2001] a stiúir an scannán, a scríobh Garret Shanley [Baitsiléir Dearaidh i nDearadh Scannán & Físe 2000], agus e léirithe ag Brendan McCarthy [MEal i Scríbhneoireacht Scáileáin 2006] agus John McDonnell [MEal i Scríbhneoireacht Scáileáin 2008].

RCSI agus IADT Sraith Bheochan Mheabhairshláinte an Óige (Meitheamh 2019)

Chomhoibrigh Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) agus mic léinn 3ú bliana BEal (Onóracha) in Beochan IADT chun sraith beochan meabhairshláinte atá dírithe ar dhaoine óga a fhorbairt. Bhí na beochana bunaithe ar thaighde a rinne an RCSI agus na beochan cruthaithe ag ceithre mhac léinn is fiche IADT ón 3ú Bliain. Seoladh an tsraith agus rinneadh poiblíocht uirthi i gcomhar le Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte agus SpunOut.ie agus i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa tsraith bhí: dúlagar, imní, bulaíocht agus uaigneas.



Photo courtesy of Brian McEvoy

4.6.3 Éachtaí Mac Léinn/Céimithe (ar lean)

Bailiúchán Faisean na nIarchéimithe ag Brown Thomas (Iúil 2019)

Thaispeáin an céimí Anna Guerin [MGnó in Fiontraíocht Dhigiteach 2018] a bailiúchán faisin ag Brown Thomas Baile Atha Cliath mar chuid de BT CREATE 2019 (seóthaispeántas de Dhearadh na hÉireann). Tar éis di céim a bhaint amach ó IADT, thosaigh Anna ag cur gnó an Dualist i bhfeidhm trí bhailiúchán fréamhshamhlacha, brandáil agus plean oibríochta a fhorbairt. I mí Aibreáin 2019, d'éirigh le Anna nuir a chuir sí a branda faoi bhráid Brown Thomas le go ndéanfaí é a mheas le haghaidh BT CREATE 2019.

4.6.4 Scoláireachtaí Mac Léinn

Scoláireacht Warner Brothers Ireland (Samhain 2017)

Bronnadh Scoláireacht Warner Bros. Ireland Sarah Ahern (MEal. i Scríbhneoireacht Scáileáin). D'fhógair Josh Berger, Uachtarán & Stiúrthóir Bainistíochta, Warner Brothers UK, Éire agus an Spáinn an scoláireacht. Mar chuid den scoláireacht, gheobhaidh Allyn tacaíocht maoiniú agus socrúchán gearr íochta ag Warner Brothers Ireland Dublin, chomh maith le rochtain ar léirithe scannán agus tacaíocht mheantóireachta ó Fheidhmeannaigh Warner Brothers sa tír.

4.7 Seirbhísí agus Éascaíochtaí do Mhic Léinn 2018/19

4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla. Is é seo a leanas ról an Choiste Seirbhísí na Mac Léinn:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn.
- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur bhfeidhm agus ar dháileadh cistiú institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin.

4.7.2 An Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais,

agus a shainathníonn díriú sonrath le haghaidh idirghabhála. Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fochóiste na Leabharlainne agus an Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Éispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
 - o Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais;
 - o Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach;
 - o Cairt Foghlaimeoirí;
 - o Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cúnta etc.;
 - o Iompar mic léinn;
 - o Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn;
 - o Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/aonaid agus ranna acadúla sonracha;
 - o Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar Leith.
- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomh-tháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;
- Caighdeán chuí do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;

- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cuí;
- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le cruthú timpeallachta a fheabhsaíonn eispéireas Institiúid na mac léinn.

4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

4.7.3.1 An Oifig Rochtana

Tacaíonn an Oifig Rochtana le beartas na hInstitiúide maidir le comhionannas rochtana ar raon clár IADT agus rannpháirtíocht iontu. Le linn na bliana acadúla 2018/19 bhí an Oifig ag gabháil leis na tacaíochtaí Réamhiontrála agus Iar-iontrála seo a leanas.

An tSnáithe Réamh-iontrála

Scéim HEAR/DARE – I mí Mheán Fómhair 2018, fuair 14 mac léinn áit in IADT trí HEAR agus 59 trí DARE.

Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) –

Is ciste iomaíoch é PATH, é bainistithe ag an ÚAO thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.

PATH 2 - Sparánacht Cheannairí agus

Fhoghlaimoírí 1916 – Mhaoinigh an dámhachtain seo ón ÚAO 40 Sparánacht ar fud an chnusaigh chun tacú le rochtain mhéadaithe ar ardoideachas do ghrúpaí atá faoi

mhíbhuntáiste. As an 40 Sparánacht, leithdháileadh 8 in aghaidh na 3 bliana ar an IADT. Tugann an ciste sparánacht €5,000 d'fhaighteoírí gach bliain acadúil chun tacú leo ina gcuid staidéar. Fuair IADT 24 iarratas in 2018, bhí 12 acu sin incháilithe don sparánacht agus tairgeadh an sparánacht do 7 mac léinn ina dhiaidh sin. Aistríodh sparánacht amháin a cuireadh in áirithe do thuismitheoirí aonair chuig UCD. Chuir duine dár 7 mac léinn sparánachta seimeastar 2 siar mar sin tá a sparánacht ar ceal go dtí go bhfillfidh siad.

PATH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon

Cruthaitheach - I mí an Mheithimh 2019, tionóladh dara Scoil Samhraidh sna hEalaíona Cruthaitheacha idir Dé Luain 24ú - Dé hAoine 28ú. Scoil samhraidh cúig lá a bhí inti a thug deis do rannpháirtithe lá a chaitheamh i ngach ceann de na cúig choláiste (IADT, NCAD, TCD, MIE agus UCD). Oibrítear an tionscadal seo trí na Seirbhísí Rochtana i ngach ceann de na coláistí rannpháirteacha agus féachann sé le rannpháirtíocht a leathnú do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht inár gcoláistí faoi láthair. Ghlac 60 rannpháirtí san iomlán, páirt i dhá cheardlann ealaíne cruthaitheach gach lá, agus fuair siad taithí ar a bhfuil le tairiscint ag na cúrsaí ealaíon cruthaitheach. D'fhoghlaim na rannpháirtithe freisin faoi na próisis iarratais, riachtanais phunann, riachtanais iontrála, seirbhísí tacaíochta agus deiseanna gairme cruthaitheacha a bhaineann le cúrsaí

4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

PATH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach (ar lean)

cruthaitheacha gach coláiste. Ba iad ceardlanna IADT don bhliain seo: Smíeadh don Ardán agus don Scáileán, Feisteas don Ardán agus don Scáileán, Beochan agus Scannán. D'fhreastail 15 rannpháirtí ar gach ceardlann, agus tháinig 60 mac léinn ionchasach chun an champais an 27 Meitheamh 2019.

Path 3 - Meantóireacht Phobail – Is é aidhm an tionscnaimh rannpháirtíocht i measc grúpaí gannionadaithe a mhéadú trí mheantóireacht. Tugann an comhoibriú idir-institiúideach agus tras-phobail seo cuireadh do mhic léinn ó na cúig Institiúid Ardoideachais (IAOanna) 3 chuairt a thabhairt ar scoileanna áitiúla DEIS, Coláistí Breisoideachais nó ionaid oideachais pobail/aosaigh i rith na bliana acadúla 2018/19.

D'ofráil mic léinn ar fud na gcúig institiúid ardoideachais iad féin a bheith ina meantóirí, chun an chéad ghlúin eile de mhic léinn coláiste a spreagadh trína dturais oideachasúla agus a gcuid scéalta a roinnt lena bpobail áitiúla. Fuair mic léinn oiliúint agus tacaíocht leanúnach óna n-institiúid ardoideachais áitiúil chomh maith le seisiún oiliúna grúpa a tharla ag an gcéad Chruinniú Mullaigh do Mheantóirí Pobail i gColáiste na Tríonóide Dé Sathairn, an 13 Deireadh Fómhair 2018. Sheol an tAire Ardoideachais Mary Mitchel O'Connor TD an

Clár Meantóireachta Pobail go hoifigiúil, an 1 Deireadh Fómhair 2018 i bPáirc an Chrócaigh, Baile Átha Cliath. Bhí 4 meantóirí ag IADT a d'éirigh leo an clár seo a chríochnú.

Outreach

Reáchtáladh go leor tionscnamh for-rochtana i rith na bliana, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, cuairteanna ar ghrúpaí scoile agus pobail, ceardlanna ar an gcampas agus cainteanna faisnéise. Ba shamplaí díobh seo iad seo a leanas:

- Thug RTÉ cuairt ar IADT i mí Feabhra 2019, lena nGrúpa Rochtana IB de thart ar 20 mac léinn ar thuras timpeall na Scoile Scannán Náisiúnta, agus ina dhiaidh sin thug an Oifig Rochtana caint dóibh.
- Chomhoibrigh an Oifig Rochtana le Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil an Deiscirt (STAG) i mBealtaine 2019 ar thionscadal do Sheachtain Bhród an Luchta Shiúil. Rinneadh scannán de phlé le rannpháirtithe chun aird a tharraingt ar Chultúr an Luchta Shiúil agus ar a dtaithe agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin IADT.
- Chomhoibrigh IADT, Rochtain & Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD, agus Scoil an Luchta Shiúil Naomh Ciarán Bré chun deis a thabhairt do 12 dalta bunscoile ón bpobal siúil páirt a ghlacadh i gceardlann phraiticiúil scannáin, agus i léiriú. Forbraíodh agus cruthaíodh an scannán

4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

Outreach (ar lean)

chruthú ag UCD, agus ar an dara lá thug beirt daltaí a scannán chun beatha ag IADT. Faoi dheireadh, taispeánadh a scannán i bpictiúrlann UCD, áit ar tugadh cuireadh do theaghlaigh na rannpháirtithe, do chairde agus don phobal socraithe i gcoitinne.

- Tugadh cuireadh don Oifig Rochtana agus d'fhreastail ionadaí ar Cheiliúradh Chomhairle Dídeanaithe na hÉireann i Músaem Eisimirce na hÉireann EPIC an 29 Bealtaine, agus an 20 Meitheamh 2019 d'fhreastail ionadaí ar "Céad Míle Fáilte" ar Lá Domhanda na nDídeanaithe i TCD.
- Bhí an Oifig Rochtana mar chuid de Choiste Meastóireachta PATH, agus chuir an Dr Dervil Jordan torthaí faoi bhráid Ghrúpa Stiúrtha Bainistíochta PATH an 31 Bealtaine 2019.

An Snáithe Iar-iontrála

Ciste Cúnaimh na Mac Léinn – In 2018/19 fuair an tSeirbhís Rochtana €102,216 ón HEA do Chiste Cúnaimh na Mac Léinn. Chuir 198 mac léinn isteach ar an gciste, measadh 19 n-iarratas a bheith neamh-incháilithe agus 15 iarratas neamhiomlán.

Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) - is é FYM clár treoshuímh fheabhsaithe IADT do lucht na chéad bliana atá ag tosú ar choláiste, agus

stiúir an Oifig é go rathúil i Meán Fómhair 2018. Is tionscnamh uile-institiúide é an clár Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) a thacaíonn agus a éascaíonn an 'socrú isteach'. dár gcuid mac léinn uile céad bliana atá ag tosú ar choláiste. Reáchtáiltear an clár thar na chéad cheithre seachtaine de théarma an fhómhair, agus is é Aontas na Mac Léinn agus foireann FYM a dhéanann é ú. Ag croílár an chláir seo tá Ceannairí Mac Léinn na Chéad Bliana a bhfuil sé mar ról acu cabhrú le gach mac léinn nua dul i dtaithí ar shaol na mac léinn ag IADT agus taitneamh a bhaint as.

Seachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn

Lánfhásta - Tá pobal rathúil mac léinn lánfhásta ag IADT a chuimsíonn thart ar 10% de líon na mac léinn. Rinneadh 57 tairiscint lánfhásta don bhliain acadúil 2018/19. Chuaigh an tSeirbhís Rochtana i dteagmháil leis na mic léinn seo go léir chun Seachtain scríbhneoireachta Neamh-Éigeantach na Mac Léinn a thairiscint. Chláirigh 27 mac léinn don chlár agus d'fhreastail 21 uirthi.

Coláiste Tearmann - Is éard atá i gColáiste Tearmainn ná áit atá tiomanta do bheith ina háit shábháilte agus fháilteach do chách, go háirithe iad siúd atá ag lorg tearmainn. Tá grúpa oibre á bhunú faoi láthair agus tá naisc láidre curtha ar bun le líonra na gCathracha Tearmainn.

4.7.3.2 An tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta

- Thacaigh an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta le 193 mac léinn in 2018/2019, a bhain úsáid as réimse teicneolaíochtaí, ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta (TC) ina measc
- Chláraigh 58 mac léinn nua leis an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta, agus rinneadh measúnú riachtanas ar 50 díobh agus leithdháileadh teicneolaíocht chúnta orthu.
- Tá Neamhord Foghlama Sonrach (SLD) ar nós Disléicse ag formhór na mac léinn, cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil DCD, ASD (Neamhord de chuid Speictream an Uathachais), ADHD (Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde) agus DCD (Neamhord Comhordaithe Forbartha) agus Dyscalculia acu.
- I measc tacaíochtaí nua TC tugadh tacú do mic léinn in úsáid Táibléad agus Fón Cliste agus aipeanna brabhsálaibhunaithe chomh maith le teicneolaíochtaí AT nua scamallbhunaithe mar shampla Google Voice Typing agus Grammarly.
- Soláthraíonn an tSeirbhís Teicneolaíochta Cúnta oiliúint duine le duine le gach TC a leithdháiltear.

4.7.3.3 An Lárionad Gairmeacha

Cuireann an Lárionad Gairmeacha faisnéis, tacaíocht agus treoir phraiticiúil ar fáil do mhic léinn agus d'iarchéimithe i bpleanáil agus taighde gairme, agus i bhforbairt réamhghníomhach a dhéanamh ar scileanna infhostaitheachta. Ba iad príomhghnéithe obair na seirbhíse ná teagmhálacha duine le duine le mic léinn/céimithe, freagraí ríomhphoist ar cheisteanna bainteachle gairmeacha agus teagmháil ar leibhéal an tseomra ranga tríd an 'Clár Infhostaitheachta'.

- Le linn na bliana acadúla 2018/19 tionóladh 156 coinne comhairleach gairme duine le duine, agus 127 fochéimí, 11 céimí agus 18 iarchéimí.
- Leanadh de deiseanna fostaíochta a chur in iúl do mhic léinn/chéimithe i rith 2018/19 tríd an mBunachar Sonraí larchéime.
- Rinne an tIonad Gairmeacha an Suirbhé Bliantúil ar Torthaí larchéime ar rang iarchéime na bliana roimhe sin (2017) i rith shamhradh 2018. Ba é seo an chéad suirbhé iomlán a bain úsáid as teimpléad caighdeánaithe an HEA ar fud na hearnála IAO ar fad. Baineadh ráta freagartha 51% amach.



4.7.3.3 An Lárionad Gairmeacha (ar lean)

- Le linn 2018/19, chuir an tOifigeach Gairmeacha 32 ceardlann/seisiún faisnéise gairme i láthair le grúpaí ranga mar chuid den chlár infhostaitheachta.
- Tionóladh Fóram Fostóirí a dhírigh ar T.F. agus `r na Meáin Dhigiteacha agus 12 fhostóir rannpháirteach.
- Tionóladh fóram Gairmeacha i gcomhar leis an tseachtain tionscnaimh Cúrsaí na Bliana Deiridh a chuimsigh rannpháirtíocht ceathrar fostóirí, Cúrsaí Tiontaithe TF, Cúrsaí Iarchéime/Taighde IADT, Visual Artists Ireland For Purpose (neamhbhrabúsach), ceardlanna CV agus Ceardlanna Taighde Iarchéime.
- I measc imeachtaí/cur i láthair gairme eile ar an gcampas bhí: Malartú na Seapáine don Mhúinteoireacht (JET), Clár Washington Ireland (WIP), USIT, Ceannairí Campa, Stiúideonna Larian (cluichí), Cur i láthair Fostóra do mhic léinn Ríomhaireachta Cruthaithí.
- I measc na n-imeachtaí/cur i láthair gairme lasmuigh den champas bhí: Aonach Gairmeacha Iarchéime Gradireland RDS (d'fhreastail 126 mac léinn/céimí IADT); Gradireland Live (lena n-áirítear teangacha/deiseanna iarchéime); agus Aonach Samhraidh Gradireland (RDS).

4.7.3.4 An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (DSS)

- Tá sé mar aidhm ag an Oifig Míchumais

cuimsiú, abhcóideacht agus rannpháirtíocht ghníomhach i saol an choláiste a chur chun cinn. Soláthraíonn an tseirbhís rochtain chomhionann ar oideachas do mhic léinn IADT a bhfuil raon míchumas agus riochtaí meabhairshláinte orthu.

- D'fhonn clárú leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, ní mór do mhac léinn teacht le haghaidh Measúnú Riachtanas agus Fianaise Dhiagnóiseach reatha a chur isteach, ag cloí le treoirlínte AHEAD. Rinneadh 291 measúnú riachtanas san iomlán i rith na bliana 2018/2019.
- Chláraigh 271 mac léinn leis an DSS. Nuair a cuireadh aistarraingtí agus atreoruithe san áireamh, bhí 262 cláraithe ag deireadh théarma 31 Bealtaine 2019. Tá Míchumas Foghlama Sonrach ag an gcóhort is mó mac léinn (103) (Disléicse, Dyscalculia, Dysgraphia). Tá méadú leanúnach tagtha ar líon na mac léinn atá ag clárú le Ríochta Meabhairshláinte (34), Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (27) agus ADHD (24). Nuair a dhéantar comparáid le pobal mac léinn IADT 2581 (Líon ó Mheitheamh 2018) tá 10.1% de phobal na mac léinn cláraithe agus mhíchumas acu.
- Le linn na bliana acadúla 2018/19 soláthraíodh 504 coinne tacaíochta 15-30 nóiméad san iomlán. Ina measc seo bhí tacaíocht acadúil, tacaíocht folláine agus tacaíocht scileanna sóisialta agus iad ar fáil do phobal iomlán na mac léinn. Reachtáladh 65% de na seisiúin tacaíochta i rith sheimeastar a haon den bhliain acadúil.

4.7.3.4 An tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (ar lean)

- Chomhordaigh an tseirbhís DSS soláthar tacaíochtaí scrúdaithe i gcomhar leis an Oifigeach Scrúduithe. Theastaigh 386 socrú scrúdaithe ó 123 mac léinn a bhí cláraithe leis an Oifig Míchumais le linn thréimhse scrúduithe an tsamhraidh 2019. I measc samplaí de na socrúithe scrúdaithe bhí: úsáid ríomhaire, am breise, rochtain ar ionad scrúdaithe ar leithligh nó grúpa níos lú, rochtain ar a Léitheoir agus rochtain ar Scríobháí. Bhain 63 mac léinn ó Dhámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí agus 60 as Dámh na hEalaíne Scannán agus Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha leas as socrúcháin scrúduithe
- Le linn 2018/19, mhéadaigh an DSS feacht ar mhíchumas ar an gcampas trí: chur i láthair don fhoireann léachtóireachta Fiontraíochta agus Síceolaíochta; pháirt a ghlacadh i lá oiliúna um Fheacht Chumais d'fhoireann IADT; Lá Feacht Uathachais a reáchtáil le Taispeántas Uathachais idirghníomhach ó 'As I Am'; athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht foirgneamh ar an gcampas; agus bacainní ar inrochtaineacht a aithint, eadhon doirse iontrála, agus ceisteanna á n-ardú leis an mBainistíocht Shinsearach agus Eastáit.
- D'oibrigh an DSS ar roinnt tionscadal comhoibríteach inmheánach agus seachtrach lena n-áirítear Cúrsaí na Chéad

Bhliana, R-Chomhtháthú, Creat Toilithe agus rinneadh teagmháil le grúpaí pobail áitiúla, Scoil Speisialta Carmona, Earcaíocht Uathachais Specialisterne agus Seirbhísí Meabhairshláinte CrossCare .

4.7.3.5 An tSeirbhís Tacaíochta Foghlama

- I mí an Mheithimh 2019, chríochnaigh Tacaíocht om Scileanna Acadúla na Mac Léinn (SASS) síneadh bliana ar chonradh dhá bhliana chun Seirbhísí Tacaíochta Foghlama (LSS) na hInstitiúide a sholáthar.
- Áiríodh sa soláthar seirbhíse mic léinn a raibh Speictrim Uathachais (AS) agus Dyscalculia orthu, chomh maith le mic léinn buailte le Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnaimh Aire, Neamhord Comhordaithe Forbartha, Dysgraphia agus saincheisteanna foghlama néara-éagsúla eile. Chuir an tSeirbhís foghlaim agus tacaíocht ghinearálta ar fáil do mhic léinn IADT trí sheimineáir oscailte agus ranganna teagaisc aonair/i ngrúpa beag. Leathnaigh an LSS a sholáthar tacaíochta matamaitice le tacaíocht teagaisc duine le duine dhá uair sa tseachtain sa Leabharlann.
- Leathnaigh an LSS a soláthar ceardlann rochtana oscailte sa Leabharlann leis an tsraith 'How to' a reáchtáil dhá uair sa tseachtain ag am lóin agus a chlúdaigh 12 chroí-ábhar bainteach le taighde, scríbhneoireacht agus eagarthóireacht, cur i láthair, eagrú agus scileanna scrúdaithe.

4.7.3.5 An tSeirbhís Tacaíochta Foghlama (ar lean)

D'fhorbair an fhoireann raon acmhainní foghlama inrochtana atá nasctha le hábhair na ceardlainne agus atá ar fáil ar líne ar leathanach gréasáin na Seirbhíse. I dTéarma 1, tionóladh fiche ceardlann san iomlán a chlúdaigh deich n-ábhar éagsúla. I dTéarma 2, tionóladh sé cheardlann eile a chuimsigh sé ábhar. Áiríodh sa chlár seimineár/ceardlann rochtana oscailte raon ábhar mar shampla:

- ⇒ Conas Togra Tráchtais a Scríobh
- ⇒ Conas Foinsí Tánaisteacha a chuardach agus a úsáid
- ⇒ Conas Léirmheas Litríochta a Scríobh
- ⇒ Conas Anailís a dhéanamh ar Phríomhabhair
- ⇒ Conas Réamhrá agus Conclúidí Acadúla a Struchtúru agus a Scríobh.

- Reáchtáil an tseirbhís roinnt ceardlann saindeartha i rith na bliana lena n-áirítear: Scríbhneoireacht Acadúil d'Iarchéimithe, Stíl Tagartha Chicago, agus Conas Léirmheas Litríochta a Scríobh.
- Chuir an LSS 1,160 seisiún tacaíochta ar fáil do mhic léinn, agus 67% díobh ar siúl i rith Théarma 1.
- Le linn 2018/19, chláraigh 218 mac léinn san iomlán leis an LSS mar seo a leanas:
Neamhord Speictream an Uathachais

29

Disléicse	116
DCD/Diosgraife	36
ADD/ADHD	37

- Chuir LSS tacaíocht speisialaithe ar fáil do mhic léinn a bhfuil Deacracht Sonrach Foghlama (SpLD) agus Neamhord de chuid Speictream an Uathachais (ASD) orthu. Phróiseáil an tSeirbhís cáipéisíocht agus chríochnaigh sí Measúnuithe Riachtanas don chohórt nua mac léinn, chomh maith le leanúint de thacaíochtaí oideachais oiriúnaithe a chur ar fáil do mhic léinn leanúnacha .
- I measc na réimsí tacaíochta bhí: Scileanna Acadúla (pleanáil/eagarthóireacht tascanna, bainistíocht ama srl.) Agus Scileanna Sóisialta agus Cumarsáide (obair foirne, déileáil le torann agus cur isteach, saincheisteanna idirphearsanta, socrúcháin oibre srl.).
- I measc na dtionscnamh eile bhí:
 - ⇒ 'Discover IADT' - lá treoshúimh do mhic léinn atá cláraithe le DSS / LSS, a thug eolas ar champas, seirbhísí, tacaíochtaí agus socruithe IADT. D'fhreastail níos mó ná 30 mac léinn ar an ócáid.
 - ⇒ D'oibrigh an tseirbhís i gcomhar leis an Oifig Rochtana chun 'Seachtain Scríbhneoireachta do Mhic Léinn Lánfhásta' a reáchtáil sa tseachtain roimh chlárú agus d'fhreastail 30 mac léinn air.

4.7.3.5 An tSeirbhís Tacaíochta Foghlama (ar lean)

- ⇒ Comhoibriú leis na hOifigigh Teicneolaíochta Míchumais agus Cúnta ar chur i láthair foirne ar an téama 'Feasacht Chumais'.
- ⇒ Comhoibriú le Southside Partnership chun scileanna TF a oiráil do mhic léinn IADT. Chláraigh 17 mac léinn san iomlán le haghaidh teagaisc agus d'fhreastail teagascóirí ó Southside Partnership ar IADT sé huair i rith an téarma chun bualadh le mic léinn.

4.7.3.6 Lárionad Sláinte na Mac Léinn

- I mí Mheán Fómhair 2018, chuir Lárionad Sláinte na Mac Léinn (SHC) tús lena dara bliain leis an Dr Nina Byrnes agus le Comhpháraithe Generation Health. Soláthraíonn seirbhís IADT GP 12 uair in aghaidh na seachtaine i rith an téarma (i.e. 30 seachtain sa bhliain), 6 uair an chloig ar an gcampas móide 6 uair an chloig de choinní lasmuigh de (Glenageary) ar fáil go seachtainiúil do mhic léinn cláraithe IADT. Gearrtar táille € 10- € 20 as an gcoinne dochtúra mura sealbhóir cárta leighis an mac léinn.
- Feidhmíonn Suzanne Keily agus Joan Broderick mar altraí do mhic léinn agus eatarthu soláthraíonn siad 39 n-uair in aghaidh na seachtaine ó Luan go hAoine i gcáil roinnte poist. Déanann siad triáis ar mhic léinn a thagann i láthair, réachtálann

siad clinicí faoi stiúir altraí, freagraíonn siad glaonna éigeandála agus riarann siad garchabhair, déanann siad breoiteacht mac léinn a mheas agus soláthraíonn siad eolas chun folláine na mac léinn a chur chun cinn. Níl aon táille ar an altra a fheiceáil.

- Le linn 2018/19 cuireadh béim ar shláinte a chur chun cinn, agus tionóladh clinicí faisnéise sláinte ó Eanáir go dtí an Cháisc. I measc na n-ábhar a pléadh bhí: seiceáil cíche, pleanáil clainne, toircheas neamhphleanáilte, STIanna, éirí as caitheamh tobac, alcól agus drugaí, cothú agus aiste bia. Rinne an SHC nasc freisin le Athena SWAN ar Lá Idirnáisiúnta na mBan i Márta 2019, ag soláthar ceardlaine agus faisnéise ar shos míostraithe. Ina theannta sin, chuir an Dr. Byrnes fóram oscailte an-rathúil ar fáil don fhoireann ar Lá Folláine Foirne IADT an 29 Márta 2019.
- In Eanáir 2019 rinneadh athruithe ar dhlíthe ginmhillte in Éirinn. D'aithin agus bhuaill an SHC le dochtúir teaghlaigh áitiúil, an Dr Rachel Mackey, Dún Laoghaire agus socraíodh conair atreoirithe léi.
- Dhréachtaigh na hAltraí togra maidir le campas saor ó thobac a thabhairt isteach agus chuir siad faoi bhrád na Foirne Feidhmiúcháin.
- Thacaigh na haltraí le Seachtain SU SHAG, Cúrsaí na Chéad Bhliana, Cúrsaí na Bliana Deiridh agus le himeachtaí ar mheabhairshláinte mar shampla an tionscnamh 'Let's Talk'

4.7.3.6 Lárionad Sláinte na Mac Léinn (ar lean)

- Is iad seo a leanas na staitisticí ar an gcampas don SHC le linn 2018/19:

Sonraí	Iomlán
Comhairliúcháin (seachas riarachán, clárú, coinní a dhéanamh)	2,988
Comhairliúcháin GP (6 uair/sn.)	737
Comhairliúcháin Altraí (39 hrs/sn.)	2,251
Coinní altraí amháin	1,131
Buaileadh isteach/glaonna teileafóin altraí srl.	1,120
Fleibeatóime	294

- Is iad seo a leanas staitisticí lasmuigh den champas don SHC le linn 2018/19:

Sonraí	Iomlán
Comhairliúcháin Ghleann na gCaorach	362
Cártaí Seirbhísí Leighis Ginearálta	67
Frithghiniúint Hormónach Éigeandála	5
Coinní Príobháideacha	268
DNAanna Ghleann na gCaorach (Daoine nár tháinig)	27

4.7.3.7 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn

- Ba é cuspóir Sheirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn sa bhliain acadúil 2018/19 ná an tacaíocht agus an idirghabháil síceolaíoch is fearr agus an bhainistíocht liosta feithimh is éifeachtaí a chinntiú.
- D'éascaigh Comhairleoir na Mac Léinn 6 chaint ar mheabhairshláinte do mhic léinn i rith na bliana. Eagraíodh na cainteanna seo i gcomhar le Leas-Uachtarán Leasa agus Comhionannais IADT SU, Niamh Grennan, atá ainmnithe as a tiomantas i leith eagrú na gcainteanna ag Aontas na Mac Léinn in Éirinn agus ag Lárionad Sláinte na Mac Léinn.
- D'éascaigh an Comhairleoir uaireanta comhairleoireachta buail isteach do mhic léinn atá lonnaithe san Ionad Oiliúna Fuaimne (STC) i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2.
- Freastail ar an nGrúpa Fócais ar 'Dinit, Meas agus Cuimsitheacht', a éascaíodh mar chuid de thiomantas IADT Gradam Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach.chonacthas i measc ár gcliant.

4.7.3.7 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (ar lean)

- Le linn 2018/19, ba é líon iomlán na n-iarratas ar choinní aonair ó mhic léinn fochéime agus iarchéime ná 1,114. Ofráladh coinne do gach mac léinn a rinne teagmháil leis an tseirbhís. Ba iad imní, dúlagar, eispéiris thrámacha agus deacracht déileáil le cúlra de thógáil mífheidhmiúil agus dinimic an teaghlaigh na téamaí ba mhó a chonacthas i measc ár gcliant.
- Comhaontú chun comhoibriú mar chuid de Ghrúpa Oibre Toilithe IADT chun ‘Deireadh a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann’.
- Na míonna leis an líon is mó freastal ar choinní le linn 2018/19:

⇒ Deireadh Fómhair 2018	130
⇒ Samhain 2018	102
⇒ Eanáir 2019	103
⇒ Feabhra 2019	99
⇒ Aibreán 2019	60

4.7.3.8 Aontas na Mac Léinn

I mí na Samhna 1998, bunaíodh Aontas na Mac Léinn ag an Institiúid chun ionad aíocht a dhéanamh ar leasanna na mac léinn agus iad ag déileáil le húdaráis na hInstitiúide, agus chun cur le saol sóisialta agus cultúrtha na mac léinn ar an gcampas.

Ba iad na trí Oifigeach Sabóideacha don bhliain 2018/19:

- Chloe Power (Uachtarán Aontas na Mac Léinn)
- Grace Latham (Leas-Uachtarán Oideachais)
- Niamh Grennan (Leas-Uachtarán Leas agus Comhionannas)

Bhuaigh Aontas na Mac Léinn IADT an duais d’Fhoireann na Bliana Aontas na Mac Léinn Beag is Fearr ag Searmanas Dámhachtainí Gnóthachtála na Mac Léinn in Aibreán 2019. Bronnadh an dámhachtain ar an SU mar chuid de Chomhdháil Bhliantúil Aontas na Mac Léinn in Éirinn a tionóladh ón 1 go dtí an 4 Aibreán 2019 in Ionad Saoire Breaffy House, Co. Mhaig Eo.



5 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha



5.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

5.1.1 Dámhachtainí Chomhaltaí Oinigh IADT

Ag an Searmanas Bronnta ar 9 Samhain 2018, fuair na daoine seo a leanas Dámhachtainí Comhalta Oinigh::

- Sinéad Bourke Uasal (gníomhaí inspioráideach agus abhcóide do chuimsitheacht) mar aitheantas ar a sár-obair i ndearadh cuimsitheach, cearta míchumais agus comhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn.
- Ann O’Dea Uasal (POF agus comhbhunaitheoir Silicon Republic agus bunaitheoir Inspirefest) mar aitheantas ar a cuid oibre i gcur chun cinn na mban sa teicneolaíocht agus as a paisean don teicneolaíocht nua agus gach rud digiteach.

5.2 Tionscadail

5.2.1 ionscadal Tempus ALIGN

Ritheadh tionscadal Tempus ALIGN (An Ailíniú idir Cláir Acadúla agus Creatáí Cáilíochtaí a Bhaint Amach agus a

Sheiceáil) 543901-TEMPUS-1-2013-1-AM-TEMPUS-JPGR ó 2013 go 2017. Bhí 9 HEI ón Airméin, ón Rúis agus ón Úcráin páirteach sa tionscadal, chomh maith le gníomhaireachtaí Dearbhaithe Cáilíochta, comhlachtaí mac léinn, aireachtaí oideachais agus grúpaí fostóirí ó gach ceann de na trí thír . Bhí IADT freagrach as Pacáiste Oibre 1 ALIGN - Tógáil Acmhainne. Ghlac ball foirne IADT David Quin páirt i bpainéil athbhreithnithe piaraí tionscadail ALIGN san Úcráin (Ollscoil Stáit Sumy, Ollscoil Taras Shevchenko agus Ollscoil Khmelnytskyi) agus bhí sé ina chathaoirleach ar phainéil athbhreithnithe piaraí an tionscadail san Airméin (Acadamh Stáit Mínealaíona na hAirméine, Ollscoil Teanga Brusov agus Eolaíochtaí Sóisialta agus Ollscoil Leighis Stáit Yerevan) agus in Ollscoil Oideolaíochta Stáit Moscó i Moskva. Bhí David Quin ina chomhúdar ar Threoirlínte Náisiúnta ALIGN don Úcráin, don Airméin agus don Rúis agus chuir sé Moltaí faoi bhráid Rialtas ag comhdhálacha in Kiev agus in Yerevan.

5.2.1 ionscadal Tempus ALIGN (ar lean)

In 2018, ghlac IADT páirt i dtionscadal nua Erasmus + DESTIN 'Oideachas Iriseoireachta d'Oideachas um Dhaonlathas san Úcráin: Caighdeáin a Fhorbairt, Ionracas agus Gairmiúlacht' Uimhir an tionscadail: 598964-EPP-1-2018-1-UK-EPPKA2-CBHE-JP. Ar DESTIN, tá IADT freagrach as WP3 Forbairt Curaclaim na hEorpa. Is é David Quin ceannaire IADT ar an tionscadal. Bhí baint ag Rónán Ó Muirthile, Ceann na Roinne Scannán agus Meán, an Dr Therese Moylan, Ceann na Roinne Gnó agus Fiontraíochta, agus Caitriona Kirby ó Staidéar Meán Nua Béal (Onóracha) IADT le tionscadal DESTIN.

In 2018, IADT also secured funding for two In 2018, fuair IADT maoiniú freisin do dhá thionscadal Erasmus + ICM (Soghluaisteacht Idirnáisiúnta Chreidmheasa) a raibh David Quin ina údar acu. Bhí ceann de na tionscadail soghluaisteachta seo le comhpháirtithe IADT in Ollscoil Stáit Sumy san Úcráin agus dhírigh sé ar thionscadal caibinéid mac léinn SSU (córas aiseolais ar líne gan pháipéar do mhic léinn). Tógadh an ICM mar thionscadal taighde. Thaistil David Doyle, Pat Moffatt agus Elena Somoza ó IADTgo Sumy, ag déanamh oiliúna

agus ceardlann agus athbhreithniú piaraí tionscadail ar an gcóras SSU. Bhí Roinn TFC IADT, Teagasc agus Foghlaim, Gnóthaí Mac Léinn agus Acadúla páirteach i gcuairteanna cómhálartacha SSU ar IADT. Ocht mí dhéag isteach sa tionscadal dhá bhliain tá plé ICM dírithe anois ar chomhoibriú sa todhchaí i rfhoghlaim, idirdhisciplíneacht, comhionannas, éagsúlacht agus chuimsitheacht, agus in oideolaíocht nuálach.

Tá tionscadal soghluaisteachta Erasmus + eile IADT le SAFAA agus YSITC (Institiúid Amharclainne agus Cineamatagrafaíochta Stáit Yerevan) san Airméin. Díríonn an ICM seo ar fhorbairt acmhainne, ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú a fheabhsú agus ar phacáiste uirlisí tógála acmhainne a chruthú d'Institiúidí beaga Ealaíne, Dearaidh agus Meán. Beidh Elena Somoza, Clare Barman agus Deirdre O'Toole ó IADT ag taisteal chun na hAirméine i mí Feabhra 2020. Is éard atá i gceist le cuairteanna cómhálartacha na foirne ar IADT ná scáthfhoghlaim poist, cuir i láthair agus ceardlanna ar gach gné d'ealaín, dearadh, teagasc scannán agus na meán, foghlaim, measúnú agus obair thionscadai.

5.2.2 Dearbháin Nuálaíochta/Comhoibriú le Tionscal

Le linn na bliana acadúla 2018/19, cuireadh tús le naoi gcomhoibriú dearbhán nuálaíochta le cuideachtaí:

- CombiMark
- Leakwatch Ltd.
- Media Street
- NM Sport Technology Ltd.
- Pac Sane
- Rattleberry Ltd.
- RPC Websites Ltd.
- The Irish Whiskey Magazine
- Wink Lighting Ltd.

5.2.3 Maoiniú Urraíochta do Thionscadail Foirne

MOTYF

Bhí an Fhéile MOTYF ar siúl in dlr Lexicon idir 31 Deireadh Fómhair agus 4 Samhain 2018. Bhí an Dr Hilary Kenna, léachtóir i nDearadh & Eispéireas Úsáideora ag IADT i mbun coimeádaíochta don Fhéile. Is Siompóisiam Idirnáisiúnta agus Taispeántas Ealaíne Meán ar na foirmeacha clóscríbhneoireachta idirghníomhacha agus gluaisne atá ann faoi láthair agus amach anseo curtha in iúl trí ealaín, dearadh, spás agus teicneolaíocht é Motyf. Ba é téama na Féile ná ‘Cineálacha

Fíorúla - Foirmeacha Clóscríbhneoireachta Amach Anseo’. Thug David Small, Stiúrthóir Cruthaitheach Small Design Firm USA, an príomhaitheasc. Chomh maith leis an siompóisiam idirnáisiúnta, tionóladh ceardlanna praiticiúla ar champas IADT faoi stiúir go leor cainteoirí idirnáisiúnta agus ghlac níos mó ná 100 mac léinn ón nGearmáin, ón bPolainn agus ó Éirinn páirt. Ar 1 Samhain 2018, seoladh Taispeántas IADT Motyf agus bhí os cionn caoga saothar le dearthóirí mac léinn Éireannacha agus idirnáisiúnta le feiceáil ann lena n-áirítear leabhair réaltachta breisithe, cluichí clóghrafaíochta agus ealaín idirghníomhach a sháraíonn teorainneacha.

5.2.4 Tionscadail Taighde/Forbartha Eorpacha

DisAbuse

Is tionscadal dhá bhliain Erasmus + é an tionscadal DisAbuse, a raibh Marian McDonnell agus an Dr Irene Connolly ón Roinn Teicneolaíochta & Síceolaíochta páirteach ann. Ba iad na cúig chomhpháirtí sa tionscadal, as ceithre thír Eorpacha: An tIonad Frithbhulaíochta, DCU (Éire); Fondazione Mondo Digitale (an Iodáil); ICSTE -IUL, Instituto Universitário de Lisboa (an Phortaingéil); IADT (Éire); UM-Ollscoil

5.2.4 Tionscadail Taighde/Forbartha Eorpacha (ar lean)

DisAbuse (ar lean)

Murcia, (an Spáinn). Is clár oideachais é DisAbuse atá deartha chun dul i ngleic le bulaíocht mhíchumasach, lena mbaineann forbairt uirlisí teagaisc ar líne. Táirgeann an tionscadal ábhair theagaisc agus fhoghlama, ag soláthar cúrsa atá tacaíthe uirlisí ilmheán agus tuilleadh gníomhaíochtaí tógachaíocha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta a bhfuil Riachtanas Speisialta Oideachais agus nó Míchumas orthu (RSO/D). Dearadh agus aistríodh cúrsa ar líne le sé cheacht ar leithligh ón mBéarla go hIodáil, Spáinnis agus Portaingéilis. Tá na hábhair uile ar fáil ar an Láithreán Gréasáin www.Disabuse.eu. Críochnófar an tionscadal DisAbuse i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Tionscadal GS-CAPS

Is tionscadal é Scoil na gCéimithe um Chuir Chuige Cruthaitheacha i leith Spáis Phoiblí (GS-CAPS) atá faoi stiúir Marion Hohlfeldt, Ollscoil 2 Rennes. Tá baint ag an Dr Maria Parsons, léachtóir le Staidéar Béarla, Meán & Cultúir BEal (Onóracha) IADT leis an tionscadal seo freisin. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal GS-CAPS na naisc idir oiliúint agus taighde ar leibhéal

ardoideachais a dhéanamh níos daingne. Tá sé mar aidhm aige dinimic a bhunú idir ollscoileanna, scoileanna agus comhpháirtithe le fócas ar ábhair ar leith. Feidhmeoidh sé mar gorlann do thionscadail, mar shuíomh le haghaidh turgnaimh, agus mar áit le haghaidh teagmhálacha ina bhforbrófar comhghníomhaíochtaí d'fhonn claochlú sóisialta éifeachtach a bhaint amach. Áirítear ar na comhpháirtithe sa tionscadal seo; Ollscoil Bauhaus, Weimar (An Ghearmáin), Ollscoil Concordia, Montreal (Ceanada), Ollscoil Goldsmith Londain (RA), IADT, Acadamh Náisiúnta Ealaíon Oslo (an Iorua), Ollscoil Leuphana, Lünburg (An Ghearmáin), Ollscoil Swinburne, Melbourne (An Astráil), Ollscoil na nEalaíon Poznan (an Pholainn), Ollscoil Barcelona (an Spáinn), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Éire), Ollscoil Stáit Texas (SAM) agus Líonra Idirnáisiúnta CREA 2S.

RefugeesIN – Erasmus+

Is é aidhm RefugeesIN trealamh uirlisí oideolaíoch nuálach pictiúrlann-bhunaithe a thairiscint d'fhoireann ghairmiúil a oibríonn le dídeanaithe agus le hiarrthóirí tearmainn. Úsáideann múinteoirí agus oiliúnóirí pictiúrlann chun idirphlé idirchultúrtha a spreagadh, chun dul i ngleic le hidirdhealú agus chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

5.2.4 Tionscadail Taighde/Forbartha Eorpacha (ar lean)

RefugeesIN – Erasmus+ (ar lean)

Fuarthas an mheastóireacht dheiridh ar RefugeesIN ón bpríomhpháirtí ón bPortaingéil 'Aidlearn' an 8 Aibreán 2019. Tá áthas ar IADT a thuairisciú go bhfuair RefugeesIN scór ard 89 as 100 agus measadh go raibh a chuspóirí bainte amach aige de réir na dtosaíochtaí a roghnaíodh iad leagtha amach sa togra bunaidh. I measc na gcomhpháirtithe ar an tionscadal bhí: IADT, Éire; Comhairle Dídeanaithe na Gréige, an Ghréig; Hamburger Volkshochschule, an Ghearmáin; Cumann Centra Studi Citta Di Foligno, an Iodáil agus Ollscoil an Tríú hAois, an tSlóivéin. D'oibrigh IADT le rannpháirtithe ón Ionad Soláthair Dhírigh, Mosney agus Cultur. Ag tús na bliana acadúla 2018/19, agus le linn an tionscadail, d'oibrigh foireann idirdhisceplíneach ar a raibh baill foirne agus mic léinn ó Dhámh na Scannán, na hEalaíne agus na Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha, Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí, agus Stiúrthóireacht na Cruthaitheachta, na Nuálaíochta agus an Taighde ar an tionscadal, a chríochnaigh i mí na Samhna 2018.

TREND – Erasmus+

Tá sé mar aidhm ag tionscadal AE+ TREND oideachas, scileanna agus oiliúint TFC fiontraíochta a chur ar fáil do dhídeanaithe agus d'iarrthóirí tearmainn a thagann go dtí an Eoraip trí ardán ar líne agus Aip gréasáin fón póca freagrúil. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de ná cabhrú le dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn athrú ó chuardaitheoirí poist go dtí cruthaitheoirí poist. I measc na gcomhpháirtithe ar TREND tá: Foreningen Mikrofinans Norge, (príomhchomhpháirtí) an Iorua; An Acadamh Fiontraíochta (AKEP), an Ghréig; EPS Jemappes, an Bheilg; KulturLife, an Ghearmáin agus IADT. Le linn na bliana acadúla 2018/19, lean foireann idirdhisceplíneach comhdhéanta de bhaill foirne ón Roinn Síceolaíochta agus Teicneolaíochta, Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí agus an Stiúrthóireacht Cruthaitheachta, Nuálaíochta agus Taighde ag obair ar an tionscadal atá le críochnú i Meán Fómhair 2020.



5.2.5 Tionscnaimh FÍS

Tionscadail Scannán FÍS

Is tionscnamh náisiúnta de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) é Tionscadal Scannán FÍS é bainistithe ag Oifig FÍS IADT i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí - An Roinn Teicneolaíochta san Oideachas (PDST TiE). Is tionscadal rathúil scannáin é FÍS a leanann de bheith rathúil i mbunscoileanna ar fud na hÉireann. Spreagann an tionscnamh leanaí chun meán na scannánaíochta sa seomra ranga bunscóile a fhiosrú, ag forbairt scileanna riachtanacha i gcruthaitheacht dhírthe, i litearthacht na híomhá gluaistí, i gcumarsáid, i smaointeoireacht chriticiúil, i réiteach fadhbanna, in obair foirne agus sna hamharcealaíona. Is é FÍS an tionscadal is faide dá leithéid (a seoladh go hoifigiúil i 1999/2000) agus luadh é i Straitéis Dhigiteach na Scoileanna 2015-2020 na Roinne Oideachais & Scileanna mar eiseamláir d'úsáid chruthaitheach na teicneolaíochta sa bhunoideachas.

Fuarthas maoiniú chun suíomh Gréasáin FÍS a athdhearadh agus a athfhorbairt. Mar chuid den phróiseas, cruthaíodh sraith nua d'acmhainní múinteoirí chun beochan a dhéanamh agus rinneadh na hacmhainní beo-ghníomhaíochta atá ann a nuashonrú. I measc na n-acmhainní

teagaisc atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin FÍS tá treoir theicniúil, réimse peirspictíochtaí múinteoirí lena n-áirítear dea-chleachtas in ábhar an tseomra ranga agus go leor samplaí de scannáin a rinneadh i mbunscoileanna na hÉireann. Tá na hacmhainní go léir ar fáil trí uirlis cheapadóireachta r-fhoghlama ar líne agus is acmhainní oideachasúla dinimiciúla, idirghníomhacha, oscailte iad (OER's).

Dámhachtainí Scannán FÍS

Ba é an 14 Samhain 2018 an 14ú bliain de Searmanas Náisiúnta Dámhachtainí Scannán FÍS. Chonacthas beagnach 1,000 duine i láthair ag bronnadh dámhachtainí i réimse leathan catagóirí lena n-áirítear: Greann, Aisteoireacht, Scéalaíocht, Oiriúnú, Beochan, Éifeachtaí Speisialta, Stiúirthoireacht, Feisteas, Eagarthoireacht, Léiriúchán, Cineamata-grafaíocht, Fuaim, an Núíosach is Fearr, an Rang Sóisearach is Fearr, Léiriúchán agus Scannáin Curaclam-ábhartha. D'óstáil Sinead Kennedy ó RTÉ an searmanas a bhí ar siúl in Amharclann Helix i mBaile Átha Cliath. Bhronn an Aoi Speisialta, an Dr Annie Doona, Cathaoirleach Screen Ireland agus Uachtarán IADT duais iomráiteach Scannán na Bliana Aileen Mac Keogh 2018 ar Scoil Sóisearach Naomh Gerard, Bré, Contae Chill Mhantáin as a scannán 'When you Wash upon a Star'.





Dámhachtainí Scannán FÍS (ar lean)

Bhí Mic Léinn MEal i gCraoltóireacht Léiriúcháin Teilifíse agus Raidió ón Scoil Náisiúnta Scannán ag IADT freagrach as scannánú agus craoladh beo an tsearmanais. Is gníomhaíocht phraiticiúil léiriúcháin é dámhachtainí FÍS a scannánú agus a chraoladh agus é leabaithe sa chlár MEal agus leanann sé le taithí phraiticiúil, tionscal-ábhartha, líonraithe agus foghlama a ofráil do mhic léinn.

D'oibrigh mic léinn fochéime ó Léiriúchán Scannán & Teilifíse BEal (Onóracha) IADT mar chriú siúil léiriúcháin, agus chuir mic léinn ón BSc (Onóracha) i dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha cúnamh oibríochta ar fáil san aonad craolacháin lasmuigh gairmiúil don ócáid ilcheamara seo.

Rinneadh an searmanas a bheoshruhlú trí Láithreán Gréasáin an tionscadail FÍS, le caoinhead Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann, www.HEAnet.ie agus ISS Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus bhí 600+ radharc uathúil aige. Maoiníonn an Roinn Oideachais & Scileanna tionscadal Scannán FÍS agus dámhachtainí bliantúla trí na Seirbhísí Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí - Teicneolaíocht san Oideachas.



Tugadh cuireadh do bhuaiteoirí Scannán na Bliana 2018, Scoil Sóisearach Naomh Gerard, cuairt a thabhairt ar an NFS le haghaidh turais timpeall ar stiúideo teilifíse úrscothach IADT agus fuair siad taithí phraiticiúil ar na háiseanna, an trealamh agus na próisis. Rinne siad a gclár cainte stíl mhaireachtála féin a stiúradh, a léiriú, agus a thairgeadh chomh le haisteoireacht a dhéanamh i suíomh gairmiúil an stiúideo. Tugadh cuairt réamhsheolta ar thaispeántas 3T Dearadh agus Déantúsaíocht Mhionsamhla, 'The Tide is Turning' do daltaí ó St. Gerard freisin. Taispeántas uathúil um chosc ar dhramhaíl agus oideachas comhshaoil a bhí sa seóthaispeántas de dhealbhá mórscála 3T déanta as ábhair uas-cúrsáilte a bhailigh saorálaithe Cóstaí Glana An Taisce.

Comhoibriú Thithe an Oireachtais

I mí Aibreáin 2019, d'fhógair Tithe an Oireachtais agus Tionscadal Scannán FÍS IADT catagóir speisialta 'Dáil 100' do chomórtas Dámhachtainí Scannán FÍS 2019. Spreag an glao scoileanna chun scannáin a dhéanamh mar chomóradh ar an gcéad Dáil, a oidhreacht a cheiliúradh agus oideachas a chur orthu féin agus ar dhaoine eile faoin daonlathas parlaiminteach. Ba é príomhaidhm an chomhoibríthe daoine óga a spreagadh chun



Comhoibriú Tithhe an Oireachtais (ar lean)

nasc a dhéanamh lena bParlaimint, chun páirt a ghlacadh sa phróiseas déanta scannán, chun scileanna nua a fhoghlaim agus an comóradh céad bliain a mharcáil ar bhealach samhlaíoch agus cruthaitheach. Fuair FÍS líon suntasach iontrálacha don chatagóir speisialta agus rinneadh trí cinn a ghearrliostáil. Fógrófar buaiteoir ghlaio chatagóir speisialta Dáil 100 i mí na Samhna 2019 ag an 15ú searmanas bliantúil Dámhachtainí Scannán FÍS. Rinne Tithhe an Oireachtais urraíocht ar ghlaio na catagóire speisialta.

Comhoibriú le Leabharlanna Dhún Laoghaire Ráth an Dúin

Le haghaidh Chruinniú na nÓg 2019, lá náisiúnta na cruthaitheachta, thug FÍS cuireadh do leanaí ó scoil áitiúil páirt a ghlacadh i gceardlann App Smash i Leabharlann Ghráinseach an Déin i gContae Theas Bhaile Átha Cliath. Is éard a bhí i gceist leis an App Smash ná bunléargas tapa agus praiticiúil ar theicneolaíocht scáileáin ghlaio a úsáid, ag foghlaim conas réamhfhógrán scannáin a dhéanamh agus dul i dtairbh ar dhá aip a éascaíonn sin. An aidhm a bhí leis ná spéis a spreagadh i leanaí óga (10/11 bliana d’aois) chun níos mó a fhoghlaim faoi conas a dhéantar



scannáin agus faoi úsáid teicneolaíochtaí cruthaitheacha.

Ba chomhoibriú idir an Oifig IADT’s FÍS agus Leabharlanna Dhún Laoghaire Ráth an Dúin, é mainithe faoi chlár Éire Chruthaitheach na Roinne Ealaíon, Oidhreachta & Cultúir, an cheardlann agus na himeachtaí ‘show and tell’ ina dhiaidh sin. D’éascaigh mic léinn ó BSc (Onóracha) i Síceolaíocht Fheidhmeach, BEal (Onóracha) i nDearadh don Ardán agus don Scáileán agus BEal (Onóracha) i Léirúchán Scannán & Teilifise de chuid IADT na Ceardlanna App Smash.

5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha

Meabhrán Comhaontaithe le Coláiste Breisoideachais Dundrum (Meitheamh 2019)

An 12 Meitheamh 2019, shínigh an Dr Annie Doona, Uachtarán IADT, agus Michael Foley, Príomhoide Choláiste Breisoideachais Dundrum, Meabhrán Comhaontaithe foirmiúil. Chruthóidh an chomhpháirtíocht deiseanna slite a fhiosrú chun bealaí forchéimnithe soiléire a spreagadh agus a sholáthar do chéimithe an Choláiste Breisoideachais chun páirt a ghlacadh i gclár Leibhéal 7 IADT. Bhí an Comhairleoir Cormac Devlin ina fhinné ar shíniú an MoA.

5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha (ar lean)

Malairtí Mac Léinn Erasmus+

Le linn 2018/19, tháinig 24mhac léinn Erasmus chun staidéar a dhéanamh in IADT ó thíortha lena n-áirítear: An Fhrainc (9), An Fhionlainn (4), An Ghearmáin (3), An Iodáil (3), Poblacht na Seice (3), An Bheilg (1) agus An Pholainn (1). I measc na réimsí staidéir bhí: Beochan, Ealaín, Dearadh Físchumarsáide, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Grianghrafadóireacht, Fiontraíocht Fheidhmeach, Bainistíocht Ealaíon agus Staidéar Béarla, Meán agus Cultúr.

Le linn 2018/19, chuaigh 18 mac léinn IADT thar lear chun staidéar a dhéanamh mar seo a leanas: An Fhionlainn (3), An Ungáir (3), An Spáinn (3), An Ríocht Aontaithe (3), Poblacht na Seice (2), An Ghearmáin (2), An Íoslainn (1) and An Laitvia (1). I measc na réimsí staidéir bhí: Ealaíon, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Grianghrafadóireacht, Dearadh Léiriúcháin, Ríomhaireacht Chruthaitheach, Fiontraíocht agus Bainistíocht, agus Staidéar Béarla, na Meáin agus Cultúr.

Reáchtáladh naoi gcúrsa oiliúna dhéag Erasmus san iomlán i rith na bliana acadúla ó chlár staidéir ar nós: Ealaín, Beochan, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Fiontraíocht agus Bainistíocht, Bainistíocht Ealaíon, Margáíocht Dhigiteach agus Díolacháin (Springboard) agus Síceolaíocht Fheidhmeach go dtí na tíortha seo

a leanas: An Ghearmáin (6), An Fhrainc (5), An Ríocht Aontaithe (3), An Iodáil (2), Málta (1) and An Spáinn (1). As na naoi gcinn déag de chúrsaí oiliúna, rinne céimithe a fuair a gcéime le déanaí IADT ocht gcinn díobh .

Malairtí Foirne Erasmus+

Le linn 2018/19, rinneadh aon mhalartú foirne déag ó chlár ar nós Bheochan, Ealaín, Dearadh Don Ardán agus don Scáileán, Léiriúchán Scannán agus Teilifíse, Dearadh, Ríomhaireacht, Staidéar Béarla, na Meáin agus Cultúr agus Staidéar na Meán Nua go dtí na tíortha seo a leanas: An Eastóin (4), An Fhionlainn (2), An Pholainn (2), An Fhrainc (1), An Ghearmáin (1) agus An Spáinn (1).

Soghluaisteacht idirnáisiúnta Creidiúintí Erasmus+

Le linn 2018/19, lean IADT lena chomhpháirtíocht le Coláiste George Brown (GBC) i gCeanada agus le hOllscoil Chónaidhme An Artigh Thuaidh (NARFU) sa Rúis. Ina theannta sin, cuireadh tús le tionscadail/comhpháirtíochtaí Erasmus le Yerevan State Academy of Fine Arts (SAFAA) agus le hInstitiúid Amharclainne agus Cineamatagrafaíochta Stáit Yerevan (YSITC) san Airméin agus le hOllscoil Stáit Sumy (an Úcráin). Beidh na tionscadail seo ar siúl go dtí Iúil 2020 agus tá seasca a naoi soghluaisteachtaí foirne agus mac léinn i gceist leo.

5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha (ar lean)

Toscaireacht Éireannach go Ceanada

Ghlac an Ceann Rannpháirtíochta Cruthaithí, Jessica Fuller, agus Ceann na Roinne Scannán agus Meán, Rónán Ó Muirthile, páirt i gcuairt a rinne toscaireacht Éireannach go Ceanada. Bhí rannpháirtíocht IADT sa toscaireacht díriú ar thionscal na Beochana i gCeanada, agus ar dheiseanna d'Éirinn agus, go háirithe, d'IADT sa réimse seo a iniúchadh. Mar chuid den chuairt bhí cruinniú le Coláiste Sheridan, d'fhothclár iarchéime sa Bheochan a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Coláiste Sheridan, an soláthraí oideachais is mó le rá i réimse na beochana i gCeanada. Oibríonn timpeall seachtó alumni IADT sa tionscal beochana i gCeanada.

Coláiste Sheridan Ceanada

I mí Eanáir 2019, bronnadh €21K ar IADT tríd an gCiste Soghluaisteachta Idirnáisiúnta chun leanúint ar aghaidh ag obair le Coláiste Sheridan, Ceanada, i dtreo MA chomhpháirteach a fhorbairt sa Bheochan. I mí Feabhra 2019, thug Sherra Murphy agus Damian Byrne (léachtóirí i nDámh na Scannán, na hEalaíne & na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha) cuairt ar Choláiste Sheridan chun an obair chomhoibrítheach seo a chur chun cinn. I mí an Mhárta 2019, thug foireann

ó Choláiste Sheridan cuairt ar champas IADT agus, ina theannta sin, d'fhreastail siad ar Fhéile Beochana an Daingean ina raibh mic léinn IADT ina mbuaiteoirí i dtrí cinn de na mórchatagóirí dámhachtana.

Coláiste George Brown College Ceanada

An 25 Feabhra 2019, d'óstáil IADT cuairt ón Ollamh Lynn Buckerfield ó Choláiste George Brown, Ontario Ceanada chun leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo comhchlár GBC agus IADT i réimse na Fiontraíochta.

Cuairt ó Ollscoil Huanghuai

An 21 Feabhra 2019, d'óstáil IADT cuairt ó thoscaireacht ó Ollscoil Huanghuai sa tSín chun deiseanna cláir féideartha a phlé le IADT.

Cuairt ó Ollscoil Sumy

An 25 Feabhra 2019, d'óstáil IADT toscaireacht ó Sumy State University Úcráin mar chuid den tionscadal atá maoinithe ag ALIGN Erasmus. Táthar ag súil le hoibriú le hOllscoil Sumy State University ar thionscadal chun ardán ar líne 'ilfhreastail' a fhorbairt do mhic léinn a dhéanfadh próisis ar nós iarratais ar iarchur, agus rochtain fheabhsaithe ar thaifid mac léinn ar líne a chuíchóiríú agus a dhigitíú.

5.3 Naisc Sheachtracha Forbartha (ar lean)

Cuairt Ambasadóir Mharacó

An 4 Márta 2019, d'óstáil an Dr Annie Doona cuairt ó Ambasadóir Mharacó chun tionscadail ionchasacha foirne agus mac léinn a phlé le IADT.

5.4 Forbairt Fiontraíochta

5.4.1 Media Cube


Le linn 2018/19, lean an Media Cube ag tacú le cuideachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta a chruthú agus bhain siad lán-áitíocht amach le linn na tréimhse seo. D'éirigh go suntasach le Media Cube na Meán i rith na bliana, lena n-áiríte:

- **Thinscale Technology Ltd.:** Bhuaigh an POF Brendan Kiely agus a fhoireann an duais don Chuideachta is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn ag Gradaim TechIreland i mí na Samhna 2018. Bhí Thinscale Technology Ltd. ag uimh. 15 ag Gradaim Fast 50 Deloitte 2018.
- **Drones Consultants Ireland:** Roghnaíodh an bunaitheoir, Ian Kiely chun páirt a ghlacadh sa chlár Aistrithe Teicneolaíochta leis an ESA Space

Solutions Center Éire. Tá an clár seo maoinithe ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa agus Fiontraíocht Éireann, agus tá sé faoi stiúir Institiúid Tyndall i gCorcaigh. Tá Drones Consultants Ireland ar cheann de na trí chuideachta in Éirinn a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh sa chlár mór le rá seo agus fuair siad deontas €50K ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa. Ina theannta sin, bhuaigh Drone Consultants Ireland Comórtas Loingseoireachta Satailíte Eorpach 2018 a tionóladh i mí na Nollag 2018. Córas dróin féinchothabhálach in-imscartha ó aerárthach ab ea a n-iontráil rathúil dar teideal 'Jack in the Box' ar féidir a paraisiúitáil isteach in áiteanna iargúlta agus inrochtana, ag soláthar rúid eiltile de 10 n-uair leanúnacha ar feadh suas le 500 uair an chloig turais, ar féidir iad a úsáid gcásanna cuardaigh agus tarrthála, comhshaoil agus tubaiste.

5.4.2 New Frontiers

Is clár comhpháirtíochta idir IADT agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ghráinseach Ghormáin (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath roimhe seo) é an Clár New Frontiers Programme agus an Ollscoil ag gníomhú mar phríomhpháirtí.



5.4.2 New Frontiers (ar lean)

Tá an clár maoinithe ag Fiontraíocht Éireann. Meastar gurb é an Clár New Frontiers an príomhchlár forbartha fiontair in Éirinn. Tá sé mar aidhm aige fás gnólachtaí nuálacha a a bhfuil sé de chumas acu scála go hidirnáisiúnta a thapú. Tá fócas faoi leith ag IADT ar earnálacha na meán digiteach agus na dteicneolaíochtaí cruthaitheacha.

Glacann seasca cuideachta nua-thionscanta páirt i gCéim 1 den chlár New Frontiers gach bliain, agus tá tríocha acu lonnaithe in Media Cube. Téann tríocha cuideachta rannpháirtíochta ar aghaidh go Céim 2 den chlár, a thuigann tacaíocht airgeadais bhreise €15K in aghaidh an rannpháirtí. Is cuideachtaí cliant anois iad roinnt de na cuideachtaí rathúla New Frontiers sa Media Cube. Ina measc tá GladCloud, Smart PMO, an Convex Lens agus Drone Consultants Ireland.

I measc na gcuideachta rathúla mór le rá tá:

- **Ambr Eyewear** a bhuaigh an dámhachtain fhoriomlán don Fhiontraí Is Fearr ag Seóthaispeánta New Frontiers 2019 urraithe ag William Fry. Táirgeann an cuideachta atá lonnaithe i nDún Laoghaire

raon spéaclaí galánta d’úsáideoirí ríomhairí a bhlocálann solas goirm. Díoltar a gcuid spéaclaí ar fud na cruinne. Bhí na bunaitheoirí, Dan Nugent & Sacha Cahill le feiceáil i “30 under 30: The Best and the Brightest of Ireland’s rise Business Stars” an Sunday Independent.

- **Compensave:** Ghlac Bebhinn Sheridan, mac léinn BEal (Onóracha) sa tSíceolaíocht, páirt sa Chlár New Frontiers lena “Compensave” fintech nua-thionscanta. D’fhorbair an cuideachta aip cearrbhachais nuálaíoch chun sábháil a chur chun cinn i measc mac léinn. Chuaigh Compensave ar aghaidh chun Dámhachtain Accenture Leaders of Tomorrow a bhuanach.
- **Equine MediRecord:** Tá comhlíonadh taifeadaithe míochaine simplithe ag **Equine MediRecord** do tionscal na gcapall. Bhuaigh na bunaitheoirí, Pierce Dargan agus Simon Hillary, Gradam Cré-umha na nDámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta sa chatagóir Agritech in 2018, chomh maith le bheith sa bhabhta ceannais i nDámhachtainí Nuálaíochta an Irish Times.



5.5 Imeachtaí & Éachtaí

Sraith Leachtaí NFS– Frank Langella

An 25 Deireadh Fómhair 2018, chuir an Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT, i gcomhar le Screen Ireland, fáilte roimh laoch amharclainne agus scannáin, Frank Langella chun léacht phoiblí a thabhairt ar cheird na haisteoireachta agus ar a ghairm bheatha. Fuair Frank Langella go leor ainmniúcháin Tony chomh maith le hainmniúcháin Gradam an Acadaimh agus an Golden Globe araon, agus i measc a theideal creidiúna tá 'Dracula' agus 'The American'.

Uair na Códála (Nollaig 2018)

Ghlac IADT páirt in Uair na Códála le linn Sheachtain na Ríomheolaíochta, ón 4 go dtí an 10 Nollaig 2018. Tugadh cuireadh do dhaltaí meánscoile teacht chuig IADT chun páirt a ghlacadh i mbunchúrsa uair an chloig ar eolaíocht ríomhaireachta. Is gluaiseacht dhomhanda é Uair na Chódála a fhreastalaíonn os cionn 100 milliún mac léinn i mbreis agus 180 tír.

Ceoldráma IADT-RIAM (Eanáir 2019)

Chomhoibrigh Mic Léanna IADY BEal (Onóracha) i nDearadh don Ardán agus don

Scáileán le hAcadamh Ríoga Ceoil na hÉireann (RIAM) ar léiriú 'Banished'. D'fhreastail Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins ar oíche oscailte an cheoldráma, an 15 Eanáir 2019 agus cuireadh ar stáitse é i Sciathán Thoir atmaisféarach Phríosún Chill Mhaighneann. Chuir mic léinn IADT BEal (Onóracha) i nDearadh sa Chumarsáid Amhairc leis an léiriú, ag dearadh an aitheantais amhairc, an chláir agus na bpóstaer don ócáid. Rinne Mic Léinn IADT BEal (Onóracha) i nDearadh don Ardán agus don Scáileán, an socrú stáitse, na feistis agus an smideadh don cheoldráma.

Imeachtaí Lá Idirnáisiúnta na mBan (Márta 2019)

Rinne IADT ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan (IWD) an 8 Márta 2019 trí roinnt imeachtaí a réachtáil ar an gcampas. I measc bhuaicphointí an lae bhí Scothphainéal IWD, ar a raibh triúr scothbhan a ghlac páirt i bplé painéil agus seisiún ceisteanna & freagraí. Ba iad na haíonna: Gillian Pinder (Foireann Haca na hÉireann - Bonn Airgid Chorn an Domhain), Chloe Turner (Príomh-Rinceoir le Riverdance 2008-2018 agus Comhbhunaitheoir KILOGear), agus Paula Mee (Daitéiteach Creidiúnaithe agus údar an leabhair ráthúil 'Gut Feeling').





5.5 Imeachtaí & Éachtaí (ar lean)

Seachtain Fiontraíochta IADT (Márta 2019)

Bhí Seachtain na Fiontraíochta ar siúl ar an gcampas idir 11 agus 15 Márta 2019, agus i easc na n-imeachtaí bhí: cainteanna spreagthacha ó Ben Forsyth (iar-throdair Pro MMA agus bunaitheoir an 8th Corner Café), ‘painéal cois tine’ ar fhiontraíocht baineann le Fiona Snow (CombiMark) agus Martha Gilheaney (‘The Looking Glass’), chomh maith le cur i láthair ó Oifig na bPaitinní ar thrádmharcanna, ar chóipcheart agus ar mhaoin intleachtúil, agus Peter Conor (Bullet) ar an ábhar Todhchaí na hOibre.

Craobh Réigiúnach Chomórtas Foróige NFTE (Márta 2019)

D’óstáil IADT craobh réigiúnach an chomórtais Líonra Foróige um Fhiontar Teagaisc (NFTE) an 12 agus an 13 Márta 2019. Cuireadh clinici meantóireachta ar fáil, le caoinchead Sheachtain Fhiontar Áitiúil Dhún Laoghaire. D’óstáil mic léinn IADT raon stalláí ag díol táirgí ar an gcampas agus chríochnaigh an tseachtain le mic léinn ag cur a gcuid smaointe gnó i láthair ag ócáid i stíl Dragon's Den.



Lá Joyce (Aibreán 2019)

Stiúir mic léinn ó Dhámh na Fiontraíochta & na nDaonnachtaí Ceiliúradh Lá Joyce ag IADT an 9 Aibreán 2019. I measc imeachtaí an lae bhí: aoi-chaint leis an Ollamh Sylvie Mikowski (Université de Reims Champagne-Ardenne) ar ‘A French Perspective on Irish Literature’, léiriú scannán ciúin 8mm/16mm, Tae Beag agus Comórtas Feistis Joyceach chomh maith le Tráth na gCeist Lá Joyce.

Campa Samhraidh Mná Óga sa Teicneolaíocht (Meitheamh 2019)

Tionóladh campa trí lá do Mhná Óga i dTeicneolaíocht do chailíní ón 3ú go dtí an 5ú bliain den mheánscoil in IADT ón 12 go dtí an 19 Meitheamh 2019. Rinne rannpháirtithe sa champa teicneolaíochtaí cruthaitheacha éagsúla a fhiosrú agus bhain siad triail as réimse gníomhaíochtaí cosúil le scéalaíocht dhigiteach, cluichí a chruthú agus robots a ríomhchlárú. Ina theannta sin, i measc na gceardlann bhí Smaointeoireacht Chriticiúil agus Réiteach Fadhbanna, Códú Cruthaitheach ag úsáid na Teanga Próiseála, Forbairt Cluichí agus Róbataic Sphero agus Réiteach Fadhbanna. Thug an tÚdarás Ardoideachais maoiniú €5k don Champa Samhraidh.



5.5 Imeachtaí & Éachtaí (ar lean)

Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach (Meitheamh 2019)

Reáchtáladh Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach ar an gcampas ón 24 go 29 Meitheamh 2019. Eagraíodh deich gceardlann ealaíon cruthaitheach, a chuimsigh ábhair mar shampla Ullmhú Punainne, Taibhiú, Seandálaíocht Thurgnamhach, Bunchúrsa Ailtireachta, Péinteáil na hÉireann, Smídeadh don Stáitse agus don Scáileán, Beochan agus Drámaíocht. Ina theannta sin, tugadh eolas faoi riachtanais iontrála, deontais, roghanna cúrsaí, tacaíochtaí mac léinn agus treoir gairme sna healaíona cruthaitheacha do rannpháirtithe. Tá Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach maoinithe ag ciste na Roinne Oideachais & Dul Chun Cinn Scileanna um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) agus is comhoibriú é idir an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Oideachais Marino, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus IADT.

5.6 Margaíocht

Déanann an Oifig Margaíochta straitéis margaíochta comhtháite a stiúradh agus a chur i bhfeidhm agus cuireann sí fairsinge agus doimhneacht na gcúrsaí chun cinn go gníomhach, chomh maith le béim a leagan ar eispéireas na mac léinn.

Príomhéachtaí le linn 2018/19:

- Feachtas Feasachta IADT: Seoladh tríd an bhfeachtas feasachta líne mar thoradh ar thorthaí taighde Red C (Léargas Eochair: Feasacht spontáineach 36% - Suirbhé Red C | 19 Aibreán). Dhírigh an Feachtas ar chomaitéirí an Taobh Theas agus DART agus tacaíodh leis le feachtas leathan sna meáin dhigiteacha. Bhí Laethanta Oscailte IADT mar chuid den fheachtas, le tacaíocht ó Chéim 2 d'fheachtas digiteach IADT, é maoinithe ag an Údarás Ardoideachais ar luach €5K.
- Feachtas Iarchéime: Seoladh é i mí Feabhra 2019 ar fud na gcainéal sóisialta agus digiteacha go léir a cur imeachtaí Laethanta Oscailte agus Tráthnóna Oscailte chun cinn. Ba é clúdach an fheachtais: 37,049 Facebook, 24,211 Instagram agus 22,108 Twitter. Mar thoradh ar an bhfeachtas tháinig méadú 32% ar iarratais ar chúrsaí Iarchéime .
- Leathanach Todhchaíochtaí Nua: seoladh leathanach baile nua ar Láithreán Gréasáin IADT i mí Eanáir 2019, ar a raibh scéalta mac léinn agus Iarchéime, míreanna nuachta agus tionscadail mac léinn. Bhí 22,477 radharc uathúil mar thoradh ar an seoladh, sin 16% bliain ar bhliain.
- Imeachtaí: Chuir an Fhoireann Margaíochta 42 imeacht ar fáil i rith na bliana lena n-áiríodh: Laethanta Oscailte, Laethanta Blaiste, Higher Options, Taispeántas Mac Léinn agus imeachtaí

5.7 Tionscnaimh/Forbairtí Campais

Foirgneamh Digiteach Nua

I mí na Samhna 2017, roghnaíodh Foirgneamh Teagaisc Meán Digiteach IADT mar cheann d'aon tionscadal déag a aithníodh le haghaidh maoinithe mar chuid de Chlár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (PPP) €200 milliún don earnáil ardoideachais. Cruthóidh an foirgneamh spás chun tacú le cláir, dhigiteacha agus theicneolaíocha chruthaitheacha agus iad a fhás, chomh maith le bialann campais 600 suíochán agus spásanna foghlama neamhfhoirmiúla. Nuair a bheidh sé críochnaithe in 2022/2023, freastalóidh an foirgneamh ar fhás ionchasach timpeall 590 mac léinn.

Le linn 2018/19, tionóladh cruinnithe leis an bhFoireann Tionscadail PPP ceaptha agus leanadh leis an obair ar dhearadh an fhoirgnimh agus a phurláin. I mí Iúil 2019, cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Mionoibreacha

Le linn na tréimhse samhraidh deich seachtaine in 2019, tugadh faoi na

mionoibreacha seo a leanas: athfheistiú Fhoirgneamh Carriglea agus sceithbhealaí uisce báistí breise a shuiteáil; saotharlann nua ríomhaireachta 40 suíochán a chruthú; stiúideo nua Cumarsáide Amhairc a chruthú; doras fuaimdhíonach a shuiteáil sa seomra Pro-Tools; suiteáil feistí nua rialaithe rochtana agus feistí oscailte cuidithe ar fhoirgnimh an Atrium agus Carriglea; dhá shaotharlann ríomhaireachta a athmhaisiú, agus bratacha urláir nua a leagan in dhá stiúideo agus i Séipéal an SU. Ina theannta sin, rinneadh táblaí i gceaintín na mac léinn a iarfheistiú le bairr tábla nua, agus ceannaíodh cathaoireacha nua do bhialann na mac léinn i socrú comhcheannaigh le hoibreoir na bialainne. Ó thaobh na hinbhuanaitheachta de, suiteáladh coirí nua fuinneamh-éifeachtúla i gCarriglea agus suiteáladh soilsíú nua le rialáil láthairbhunaithe sa seomra ríomhaireachta 40 suíochán agus sa stiúideo Cumarsáide Amhairc ar aon, mar aon le lasca “clabhsúir” ar fud an tseomra chun an trealamh go léir a mhúchadh ag deireadh an lae.

Energy Use kWh	2019	2018	2017	2016	2015	2014	2013	2012	2011	2010	2009
Gas	2286567	2379600	2266009	2090151	1949765	1720395	2202143	1921221	1600379	1996718	1632136
Electricity	1809565	1939692	1905654	1800975	1736304	1721298	1885562	1812206	1788057	1763645	1683328



5.7 Tionscnaimh/Forbairtí Campais (ar lean)

An Scoil Náisiúnta Scannánaíochta

Le linn 2018/19, chuaigh an Scoil Náisiúnta Scannánaíochta i mbun plé le roinnt comhpháirtithe seachtracha ar thionscadail oideachais nasctha le cláir NFS. Tugadh an deis do mhic léinn oibriú i dteannta gairmithe tionscail. I measc na gcuideachtaí seachtracha a bhain leas as áiseanna NFS bhí: Screen Skills Ireland, Modern Green Ltd. agus Waiting Tables Productions Ltd.

5.8 Tuarascáil Bainistíochta Fuinnimh

Feachtas um Fheasacht ar Fhuinneamh

Le linn 2018/19, rinne IADT a chomhpháirtíocht a athnuachan le OPW Optimizing Power at Work (feachtas caomhnaithe fuinnimh foirne ar fud an stáit). Cuirfidh foireann Oifig na nOibreacha Poiblí tacaíocht chomhairleoir-eachta ar fáil sna réimsí seo a leanas: feachtais feasachta fuinnimh agus monatóireacht ar fhuinneamh.

Feachtas Inbhuanaitheachta

Le linn na bliana acadúla 2018/19, ag tógáil ar rath na Keep Cups, rinne IADT cinneadh an Cupán Athúsáide 16oz a thabhairt isteach sa

bhreis ar an gCupán Athúsáide 12oz atá ann. Tugadh cead freisin an modh chun úsáid cupáin in-athúsáidte a chur chun cinn a athrú- ó thús na bliana acadúla 2019, thabharfaí Cupán Athúsáide saor in aisce do gach mac léinn nua sa chéad bhliain. Rinneadh cinneadh freisin an costas seo a fhritháireamh trí na Cupáin Athúsáide a dhíol ar phraghsanna costais leis an bhfoireann agus le mic léinn eile. I dteannta leis seo, d'aontaigh IADT leis an soláthraí seirbhíse lónadóireachta tobhach a chur ar úsáid cupán aon úsáide. Le linn na bliana acadúla 2018/19, leathnaigh seirbhís lónadóireachta na hInstitiúide úsáid roghanna malartacha plandabhunaithe seachas seanra agus coimeádáin bhia plaisteacha.

Ídiú Fuinnimh

Ríomhtar rianú náisiúnta ar ídiú fuinnimh san earnáil phoiblí i mí na Bealtaine gach bliain don bhliain féilire roimhe sin, rud a chruthaíonn mí-aillíniú le sraith thuairiscithe bliantúil IADT. Léirigh an t-ídiú fuinnimh don bhliain féilire 2018 sábháil de 15.2% nuair a mapáladh é i gcoinne na bliana bunlíne 2009. Mar sin féin, tá sé seo i bhfad níos lú ná an coigilt 33% atá riachtanach don sprioc 2020. Leanann IADT ag díriú ar uasghrádú soilsithe, rialuithe soilsithe, uasghrádú coirí agus córais rialaithe tógála d'fhonn leanúint de choigiltí bhaint amach.

5.9 Bainistíocht Sábháilteachta

An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Feidhmíonn Coiste Sláinte agus Sábháilteachta IAST mar choiste comhairleach do na Foirne Feidhmiúcháin agus Bainistíochta (de réir fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005) maidir le gach gné de shábháilteacht, de shláinte agus de leas maidir leis an bhfoireann, mic léinn, cuairteoirí agus conraitheoirí.

An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta

Le linn na bliana acadúla 2018/19, d'fhreastail baill foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas:

- Oiliúint CPR
- Oiliúint do Mhaor Dóiteáin
- Oiliúint Láimhseála Láimhe
- Farchabhair Cheirde
- Oiliúint Pas Shábháilte

Druileanna Dóiteáin & Gníomhachtuithe an Alaraim Dhóiteáin

An 31st January 2019, cuireadh druileanna dóiteáin ar bun i gcúig fhoirgneamh campais. Seo

a leanas na hamanna aslonnaithe do gach foirgneamh (is é 2 nóiméad an spriocam aslonnaithe):


- | | |
|----------------------------|----------------------|
| - Foirgneamh an Atrium | 3 nóiméad 58 soicind |
| - Foirgneamh an Backlot | n/a* |
| - Foirgneamh an Carriglea | 2 nóiméad 33 soicind |
| - Foirgneamh an NFS | 3 nóiméad 12 soicind |
| - Foirgneamh an Quadrangle | 5 nóiméad 55 soicind |

* Ní raibh aon rang ar siúl tráth a druile dóiteáin

Le linn na bliana acadúla 2018/19, tharla cúig ghníomhú dhéag den aláram dóiteáin san iomlán, nár theastaigh briogáid dóiteáin ó ceachtar eachtra.

Tuairisciú Reachtúil Timpistí & Teagmhas

Le linn na bliana acadúla 2018/19, tharla sé thimpiste ar champas IADT. Déileáladh leis na timpistí uile ar an láthair, seachas timpiste amháin ina raibh freastail ar T&E ag teastáil, ach nár theastaigh tuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.



6 Pearsanra

6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Coibhéiseacha Ama Iomlán (WTE) agus tá poist féin-mhaoinithe iontu amhail an 31 Meán Fómhair 2019:

Catagóir Foirne	2018/19
• Acadúil	117
• Bainistíocht, Riarachán agus Leabharlann	49
• Seirbhísí do Mhic Léinn	6
• Tacaíocht Theicniúil	13
• Tacaíocht Neamhtheicniúil	<u>10</u>
Iomlán	195

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don 2018/19, b'ionann an t-uaslíon agus 191.6 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

6.2 Comhionannas agus Éagsúlacht

6.2.1 Athena SWAN Ireland

In 2017/18 bunaíodh Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN agus ba é an Dr Andrew Power, Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht a bhí mar chathaoirleach air. Bunaíodh Cairt Athena SWAN sa bhliain 2005 chun tiomantas maidir le gairmeacha

na mban i bhfostaíocht san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sa mhataimic agus sa leigheas in ardoideachas agus taighde a spreagadh agus a aithint. Tugadh freagracht d'Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN maidir le measúnú na hInstitiúide, agus le hullmhú iarratas na hInstitiúide le Advance HE chun teastasú Cré-umha faoin gclár Athena SWAN a bhaint amach.

Mar chuid de phróiseas iarratais Ghradam Cré-umha Athena SWAN IADT, d'fhostaigh an Institiúid Infheisteoirí san Éagsúlacht chun suirbhé foirne a dhéanamh i mBealtaine 2018. Rinneadh an suirbhé mar chuid de thiomantas na hInstitiúide don éagsúlacht agus d'ionad oibre ina gcaitear go cóir leis an bhfoireann go léir. Tar éis an tuarascáil ar an suirbhé a fháil, eagraíodh sraith imeachtaí agus cainteanna do Lá Forbartha Foirne IADT a bhí ar siúl an 30 Deireadh Fómhair 2018. Ba é téama an lae 'Inscne agus Éagsúlacht' agus áiríodh ar na ceardlanna a tairgeadh: Mná i gCeannaireacht, Polasaithe a thacaíonn le Teaghlaigh, Meas Frithpháirteach, Ceardlanna Toilithe agus ceardlanna um Neamhchlaonadh. Bhí sé éigeantach do bhaill foirne freastal ar roinnt de na himeachtaí seo.

Mar chuid den ullmhúchán d'Iarratas ar Dhámhachtain Cré-umha Athena SWAN IADT, ghlac Foireann Féinmheasúnaithe Athena SWAN páirt i 'lá ar shiúl' an 13 Nollaig 2018.

6.2.1 Athena SWAN Ireland (ar lean)

An 15 Eanáir 2019, ghlac Niamh Clifford a post mar Bhainisteoir Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe chun iarratas ar Dhámhachtain Cré-umha Athena SWAN na hInstitiúide a chomhordú. Cuireadh an t-iarratas faoi bhráid AdvanceHE an 30 Aibreán 2019.

Le linn 2018/19, lean IADT ina rannpháirtí gníomhach i gclár Aurora, agus le linn na tréimhse seo críochnaigh beirt bhall foirne eile an clár. Is clár nuálaíoch oiliúna um fhorbairt ceannaireachta é Aurora. Tá sé mar aidhm aige mná a spreagadh i róil acadúla agus gairmiúla smaoineamh orthu féin mar cheannairí, scileanna ceannaireachta a fhorbairt, agus cabhrú le hinstitiúidí ar nós IADT cumas ceannaireachta ár gcomhghleacaithe ban a bharrfheabhsú.

6.2.2 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2019

Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne ríthábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh- chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine


agus d'idirghabháil spriocdhírthe maidir le comhionannas inscne go sonrach.

Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlai, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fíis agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fíis agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himmheánach agus go seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.

Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne á spreagadh go gníomhach ag IADT ó thaobh soláthair foirne agus tacú le himeachtaí mac léinn, m.sh. imeacht bliantúil um Mhná Óga i dTionscal na Scannánaíochta. Rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh líon foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar ar chlé an miondealú inscne laistigh den Institiúid .


Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne á spreagadh go gníomhach ag IADT ó thaobh soláthair foirne agus tacú le himeachtaí mac léinn, m.sh. imeacht bliantúil um Mhná Óga i dTionscal na Scannánaíochta. Rinneadh dul chun cinn maith ó thaobh líon foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar ar chlé an miondealú inscne den Institiúid ar an gcéad leathanach eile:

6.2.2 Staitisticí Inscne amhail an 31 Lúnasa 2019 (ar lean)




Comhlacht Rialaithe

Mná	47%	Fir	53%
Mná	9	Fir	10




Gach Ball Foirne

Mná	52%	Fir	48%
Mná	102	Fir	93




Foireann Feidhmiúcháin

Mná	50%	Fir	50%
Mná	3	Fir	3




Baill Foirne Acadúla

Mná	46%	Fir	54%
Mná	54	Fir	63



Foireann Bainistíochta

Mná	47%	Fir	53%
Mná	9	Fir	10



Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta

Mná	62%	Fir	38%
Mná	48	Fir	30

6.3 Éachtaí Foirne

6.3.1 Baill Foirne Neamhdhámh

An Dr Anne Doona

- Bhí sí ina Ball de Phainéal Athena SWAN chun 3 Ollscoil na RA a mheas an 11 Meán Fómhair 2018.
- Ghníomhaigh sí mar Chathaoirleach ar Athbhreithniú Cáilíochta ar Ollscoil Teicneolaíochta Brno i bPoblacht na Seice ón 20 go dtí an 23 Deireadh Fómhair 2018.
- Ghníomhaigh sí mar Chathaoirleach ar Phainéal Athbhreithnithe Cláir do Choláiste Griffith, Baile Átha Cliath an 7 Nollaig 2018.
- Ceapadh í mar Chathaoirleach ar THEA don bhliain 2019 ón 1 Eanáir 2019.
- Ghníomhaigh sí mar Chathaoirleach ar Chruinniú Mullaigh Ardoideachais an HEA ar Thodhchaí na hOibre an 10 Eanáir 2019.
- Páirteach i bpodchraoladg don Díl-Chumann um Inscne san Ardoideachas an 1 Feabhra 2018.

- Labhair sí ag an ócáid IWD do Mhná Gnó ar chuireadh Mazars an 8 Márta 2019.
- Ba Chainteoir Painéil í ar Mhná san Ardoideachas i TCD an 15 Bealtaine 2019.
- Bhí Cainteoir ag ócáid ‘Spotlight on Women in Film’ de chuid Institiúid Scannán na hÉireann in IFI Bhaile Átha Cliath an 30 Bealtaine 2019.
- Bhí sí ina Ball den Phainéal den phlé ‘Women in Film & Television Ireland’ ag Fleadh Scannán na Gaillimhe ‘Gender’ an 14 Iúil 2019.

An Dr Andrew Power

- Bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Stiúrtha Náisiúnta Athena SWAN.
- D’fhóin sé mar phainéaláí moltóireachta do na Dámhachtainí Idirnáisiúnta Fochéime sa chatagóir Stair agus Teoiric Ealaíne.
- Toghadh é mar bhall de Choiste Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath.
- Tofa ar Bhord Chlub na nEalaíon Aontaithe.

An Dr Andrew Power (ar lean)

- Ainmnithe ag THEA d’Fhóram Comhairleach QQI.
- Ainmnithe ar Choiste Iniúcháireachta Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Sheol sé an foilseachán ‘Inclusive Assessment and Feedback: Universal Design Case Studies from IADT and UCD’ i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
- Cheap an tAire Stáit Ardoideachais é don Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe chun ‘an Creat Toilithe in Institiúidí Ardoideachais’ a fhorbairt.
- Ceapadh é mar Chathaoirleach ar an nGrúpa Mearfhreagartha a bhunaigh an tAire Stáit Ardoideachais.

6.3.2 Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha - Baill Foirne

An Dr Irene Connolly

- ‘Introducing Disabuse: Staying Safe Online’ tugtha ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaíochta na hÉireann i Loch Garman i mí na Samhna 2018.
- Rinne sí ceardlann ar Disabuse agus Bulaíocht Mhíchumais ag an bhFóram Domhanda Frithbhulaíochta in DCU i Meitheamh 2019.
- ‘Creating Appropriate Instructional Applications for Users with Intellectual

Disability’ tugtha ag an 15ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid an Chumainn um Theicneolaíocht Chúnta a Chur Chun Cinn san Eoraip in Bologna, an Iodáil i mí Lúnasa 2019.

An Dr Maeve Connolly

- Comhrá poiblí leis an údar, Sue Rainsford i nGailearaí Kevin Kavanagh, Baile Átha Cliath an 3 Aibreán 2019.
- Cuir sí an scáileán de ‘Ireland: Behind the Wire (Berwick Street Film Collective 1974) i láthair ag Institiúid Scannán na hÉireann, Baile Átha Cliath an 25 Aibreán 2019.
- Comhrá poiblí leis an léirmheastóir ealaíne Dr Isobel Harbison, staraí ealaíne agus Léachtóir (Staidéar Criticiúil) san Ealaín, sa Roinn Ealaíne ag Goldsmiths .

An Dr Mark Curran

- ‘Financial Capital Represented — Representing Financial Capital’ tugtha ag ócáid phoiblí chomhstádais de bhail an Tionscail Airgeadais Dhomhanda agus amharcealaíontóirí i St. Helier, Jersey, an Ríocht Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair 2018.
- ‘Why Exhibit? Positions on Exhibiting Photographies’ tugtha ag seoladh poiblí imeachta/foilseacháin comhstádais ag Institiúid Finlándais, Páras, an Fhrainc i mí na Samhna 2018.

Mark Joyce

- Taispeántas aonair dar teideal ‘Solas Salach / Dirty Light’ sa Ghailearaí Green On Red, Baile Átha Cliath ón 17 Deireadh Fómhair go dtí an 24 Samhain 2018.

Marian McDonnell

- ‘Introduction Disabuse: Staying Safe Online’ tugtha ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Síceolaíochta na hÉireann a tionóladh in Óstán Clayton Whites, Loch Garman ón 8 go dtí an 10 Samhain 2018.
- Thug sí ceardlann ar ‘Disabuse and Disablist Bullying’ ag an bhFóram Domhanda Frithbhulaíochta a tionóladh in DCU ón 4ú go dtí an 6ú Meitheamh 2019.
- ‘Creating Appropriate Instructional Applications for Users with Intellectual Disability’ tugtha ag Comhdháil AAATE 2019 i Bologna, an Iodáil ón 27 go dtí an 30 Lúnasa 2019.

Nicola Fox Hamilton

- ‘Why do we fall for scams: Lessons from Cyberpsychology’ tugtha ag Cibear-Chruinniú Mullaigh an AE sa Helix, DCU an 24 Deireadh Fómhair 2018.
- ‘Are we getting close? A debate on intimacy in the digital age’ tugtha sa Ghailearaí Eolaíochta, Baile Átha Cliath an 17 Eanáir 2019.

- ‘How do dating platforms decide whom I date?’ tugtha ag Féile Aha um Eolaíocht agus Eolas i Lucerne, an Eilvéis an 26 Eanáir 2019.

Matt Skinner

- ‘Circus Born’ – Gnéchlár Faisnéise ar Shorcas Fossetts mar chuid de Sorcas 250 a tionóladh i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann ón 9 Meitheamh go dtí an 14 Deireadh Fómhair 2018.

David Smith

- Fuair sé ceithre ainmniúchán i gcatagóir na Cumarsáide Amhairc agus i gcatagóir na Struchtúr agus na Spásanna de Dhámhachtainí Dearaidh Bliantúla Institiúid Dearthóirí na hÉireann an 29 Eanáir 2019.
- Moladh é sa chatagóir Dearadh Taispeántais agus fuair sé na Dámhachtainí Dearaidh Leabhar Clóite agus Úsáid Clógrafaíochta i nDearadh as a chuid oibre ar FREESPACE - 16ú Biennale di Architettura ag Gradaim IDI 2019.
- Lean sé ina bhall den Fhóram Dearaidh Náisiúnta agus d’fheidhmigh sé mar ionadaí Oideachais agus Tionscail ag cur comhairle ar an Roinn Fiontar Gnó & Nuálaíochta ar Thionscail Chruthaitheacha.

David Smith (Cont'd.)

- Fuair sé ceithre cheithre ainmniúchán i nDearadh Cumarsáide Amhairc ag Dámhachtainí Dearaidh Bliantúla Institiúid na nDearthóirí Éireann in Eanáir 2019. Moladh é sa chatagóir Dearadh Taispeántais agus bhuaigh sé na dámhachtainí foriomlána as Dearadh Leabhar Clóite agus Úsáid Clógrafaíochta i Dearaidh as a chuid oibre ar FREESPACE - 16ú Biennale di Architettura ag na Dámhachtainí IDI.
- Le linn 2018/19, áiríodh ar na cainteanna agus na léachtaí a tugadh: Ailtireacht a Chumarsáid, an Veinéis (Deireadh Fómhair 2018) - FREESPACE agus an Branda don 16ú Biennale Ailtireachta sa Veinéis; agus Cad a Labhraímid Faoi, Nuair a Labhraímid Faoi Dhearadh Éireannach? Plé painéil arna óstáil ag Creative Ireland inar fiafraíodh cé chomh ábhartha is atá an tír thionscnaimh i ndomhan domhandaithe, OFFSET, Comhdháil Dearaidh 2019.

Le linn na bliana acadúla 2018/19, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Scannán, na hEalaíne agus na dTeicneolaíochtaí Cruthaitheacha, lena n-áirítear:

An Dr Irene Connolly

An Dr Maeve Connolly

An Dr Mark Curran

Nicola Fox Hamilton

Marion McDonnell

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne

An Dr Sarah Balen

- 'Dublin, Tourism & the Video Poem' tugtha ag an gcomhdháil Serial Tourist: Loisirs, Tourisme et Touristes ag Ollscoile Lille, an Fhrainc an 2 Samhain 2018.
- Re[p]laying Voices from the Margins: Peter Sirr and the Troubadours of Twelfth-Century France' tugtha ag Comhdháil AFIS (Cumann an Léinn Franco-Éireannaigh) in Ollscoil de Lille, an Fhrainc an 25 Bealtaine 2019.
- 'Finding Common Ground: Peter Sirr's Critical and Poetic Practice' tugtha ag Comhdháil an Chumainn Idirnáisiúnta um Staidéar ar Litríocht na hÉireann i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath an 23 Iúil 2019.
- Páirteach i dTionscadal Taighde VIEW 2020 faoi stiúir an Dr Isabelle Boof-Vermesse ag an Université de Lille, an Fhrainc idir Samhradh 2018 agus Márta 2019.

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Bailiú Foirne (ar lean)

An Dr Josephine Browne

- ‘Public Sector Entrepreneurship in a Post Recession Pre-Brexit Ireland’ tugtha ag an ISBE in Birmingham, an Ríocht Aontaithe ón 7ú go dtí an 8 Samhain 2018.
- Bronnadh an Páipéar is Fearr sa Chatagóir Seirbhíse Poiblí/Rialachais uirthi ag Comhdháil ISBE 2018 i mí na Samhna 2018.
- Páirteach i Webinar Eurofound ar Obair Ardáin i mí na Samhna 2018.
- Ghníomhaigh sí mar mholtóir ar AdvanceHE i Londain na RA an 24 Eanáir 2019.
- Chuir sí comhoibriú agus malartú faisnéise ar fáil don Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha in Aibreán 2019.
- Chuir sé ionchur comhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsitheachta ar fáil d’Fhóram Nuálaíochta Sandyford an 9 Bealtaine 2019.
- Páirteach in Imeacht na Comhghuaillíochta Aoise urraithe ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin an 9 Meitheamh 2019.
- ‘Skeumorph Politics’ tugtha ag an 14ú Ceardlann um Staidéar Eagraíochta: Teicneolaíocht agus Eagraíocht ’ a tionóladh i Mykonos, an Ghréig an 25 Bealtaine 2019.

- ‘Fantasy User Interfaces, Digital Landscape and Cosmopolitan Law’ tugtha ag Scoil Samhraidh MAD ag Escola Superior de Media, Artes e Design, Vila do Conde, an Phortaingéil an 12 Iúil 2019.

Cormac Deane

- ‘Bacteria, Dirt and Deviant Women’ tugtha ag comhdháil Woman XXI Woman and Gender Universes a tionóladh ag Fundação Cupertino de Miranda, Porto, an Phortaingéil an 20 Meán Fómhair 2018.
- ‘The Political Fantasy of Landscape as Data visualisation’ tugtha ag an gcomhdháil Idirnáisiúnta ar Thírdhreach agus Pictiúrlann a tionóladh in Ollscoil Liospóin an 4 Nollaig 2018.

Selina Guinness

- ‘This Is Not My Voice’ tugtha ag an siompóisiam Space, Place, Obligations a tionóladh in NUI Má Nuadan 15 Meán Fómhair 2018.
- Thug sí léamh poiblí ar ‘Winter Papers 4’ le Kevin Barry agus Wendy Erskine i Halla Lanyon, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste an 8 Samhain 2018,
- Thug sí léamh poiblí ar ‘Winter Papers 4’ le Kevin Barry agus Wendy Erskine i Halla Lanyon, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste an 8 Samhain 2018.
- Aoi-scríbhneoir do ‘Arena’ le Seán Rocks, RTÉ Raidió a hAon ar 29 Samhain 2018.

6.3.3 Dámh na Fiontraíochta agus na nDaonnachtaí - Baill Foirne (ar lean)

An Dr Catriona Kirby

- Príomhóráid ‘Translations and the politics of Irish language pedagogy’ a tugadh ag an gcomhdháil Eorpach Ilteangachais: Shaping Sustainable Educational and Social Environment, a tionóladh in Arkhangelsk, an Rúis ón 23 go 24 Aibreán 2019.
- Comhairleoir acadúil ar léiriú amharclainne de ‘A Portrait of the Artist as a Young Man’, a tionóladh in Amharclann an Pavilion agus ar fud na tíre le linn 2018.
- Ceanneagarthóir ar ‘Proceedings of the International Conference on European Multilingualism: Shaping Sustainable Educational and Social Environment (EMSSESE 2019)’ foilsithe ag Atlantic Press.
- Saineolaí acadúil ar phlé ar úrscéal James Joyce ‘A Portrait of the Artist as a Young Man’ ar The Book Show, RTÉ an 30 Meán Fómhair 2018.

An Dr Jenny McDonnell

- ‘Not a persistent or substantial ghost’: Walter de la Mare and Katherine Mansfield’ ag Reading Walter de la Mare, Ollscoil Cambridge, RA i Meán Fómhair 2018.

An Dr Díóg O’Connell

- Choimeádaigh sé ‘Sea Change’ IADT: 21 bliain d’ealaín, scannán agus beochan a tionóladh i dIr Lexion ón 14 Meán Fómhair go dtí an 21 Deireadh Fómhair 2018.

Rebecca Roper

- Stiúir sí comhoibriú rathúil le Scoil Aisteoireachta an Gaiety agus Stiúdeo Aisteoireachta Bow Street, Baile Átha Cliath, a thug cohórt mac léinn le chéile chun obair ar thionscadail chomhoibríocha Scannán agus Meán (2018/19).

Le linn na bliana acadúla 2018/19, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i nDámh na Fion:

An Dr Josephine Browne
Cormac Deane
Selina Guinness
An Dr Caitriona Kirby
An Dr Therese Moylan
An Dr Díóg O’Connell
An Dr Kevin Wallace



Dún Laoghaire Institute of Art, Design & Technology

7 Ráiteas Airgeadais

7.1 Ráiteas Airgeadais

Rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 12 Meitheamh 2020. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2018.

7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2018/19

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	2019 €000	2018 €000
Ioncam		
Deontas Stáit	9,009	8,286
Táille Teagaisc	8,768	8,885
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	1,956	1,813
Deontais agus Conarthaí Taighde	691	466
Ioncamaitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	268	267
Ioncam ó Ús	16	19
Cistiú Pinsin Iarchurtha	4,956	4,868
Ioncam Eile	1,364	1,235
	<u>27,028</u>	<u>25,839</u>
Caiteachas		
Costais Foirne	15,360	14,768
Costas Sochar Scoir	4,956	4,868
Costais Oibriúcháin Eile	5,942	5,048
Dímheas	1,620	1,813
	<u>27,878</u>	<u>26,497</u>
Barrachas Oibriúcháin	<u>(849)</u>	<u>(658)</u>
Cailteanas Taithí ar Oibleagáidí Sochair Scoir	(829)	(1,190)
Laghduithe ar Dhliteanais Phinsin a d'éascair as Scoir i rith na Bliana	3,708	626
Athruithe ar Thoirimhdí atá mar bhunús le Luach Reatha Scoir Oibleagáidí Sochair	<u>(10,783)</u>	<u>(337)</u>
Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain	<u>(7,904)</u>	<u>(901)</u>
Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>7,904</u>	<u>901</u>
Ioncam Cuimsitheach Iomlán	<u><u>(849)</u></u>	<u><u>(658)</u></u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na cailteanais go léir a thuiriscítear don bhliain.

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:



David Holohan
Cathaoirleach

Date: 6 Bealtaine 2020



David Smith
Uachtarán

Date: 6 Bealtaine 2020

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2019

	Cuntas Caipitil €000	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000	Cúlchiste Ioncaim €000	Iomlán €000
At 1 Meán Fómhair 2017	<u>39,771</u>	<u>0</u>	<u>8,622</u>	<u>48,393</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	(658)	(658)
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	671	0	0	671
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	571	0	0	571
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	0	0	0	0
Amúchadh ar aon dul le Dímhéas Sócmhainní	(1,813)	0	0	(1,813)
Aistriú idir Chúlchistí	<u>0</u>	<u>4,000</u>	<u>(4,000)</u>	<u>0</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(571)</u>	<u>4,000</u>	<u>(4,658)</u>	<u>(1,229)</u>
An 31 Lúnasa 2018	<u>39,200</u>	<u>4,000</u>	<u>3,964</u>	<u>47,164</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	(849)	(849)
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	1,376	0	0	1,376
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	8	0	0	8
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	307	0	0	307
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	11	0	0	11
Amúchadh de réir Díscríobh Sócmhainne	(336)	0	0	(336)
Amúchadh ar aon dul le Dímhéas Sócmhainní	(1,630)	0	0	(1,620)
Aistriú idir Chúlchistí	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>0</u>
Gluaiseacht don Bhliain	<u>(254)</u>	<u>0</u>	<u>(849)</u>	<u>(1,103)</u>
An 31 Lúnasa 2019	<u>38,946</u>	<u>4,000</u>	<u>3,115</u>	<u>46,061</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Date: 6 Bealtaine 2020

Date: 6 Bealtaine 2020

An Ráiteas ar an Staid Airegeadais Amhail an 31 Lúnasa 2019

	2019	2018
	€000	€000
Sócmhainní Seasta		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	<u>38,946</u>	<u>39,200</u>
Sócmhainní Reatha		
Infháltais	294	516
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>8,391</u>	<u>9,074</u>
	8,686	9,589
Nithe Iníoctha		
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain Amháin	<u>(1,571)</u>	<u>(1,625)</u>
Glansócmhainní Reatha	<u>7,115</u>	<u>7,964</u>
Sochair Scoir		
Chomaoin um Shocair Scoir	(86,233)	(72,548)
Sócmhainn Maoinithe um Shochair Scoir Iarchurtha	<u>86,233</u>	<u>72,548</u>
Glansócmhainní	<u><u>46,061</u></u>	<u><u>47,164</u></u>
Arna Léiriú ag:		
Cuntas Caipitil	38,946	39,200
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	4,000	4,000
Cúlchiste Ioncaim	<u>3,115</u>	<u>3,964</u>
	<u><u>46,061</u></u>	<u><u>47,164</u></u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:



David Holohan
Cathaoirleach



David Smith
Uachtarán

Date: 6 Bealtaine 2020

Date: 6 Bealtaine 2020

An Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim Amhail an 31 Lúnasa 2019

	2019	2018
	€000	€000
Glansreabhadh Airgid Thirim Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas Oibriúcháin	(849)	(658)
Ioncam Úis	(19)	(19)
Dímheas	1,620	1,813
Sócmhainní Seasta Díluacháilte	336	0
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,956)	(1,813)
Laghdú ar Fhéichiúnaithe	214	(86)
Méadú ar Chreidiúnaithe	<u>(54)</u>	<u>30</u>
Glansreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u>(704)</u>	<u>(733)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Airgeadais		
Ús Faighte	<u>23</u>	<u>16</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Maoinithe		
Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>(1,242)</u>	<u>(391)</u>
Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	1,376	671
Deontais Chaipitil Stáit a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	8	0
Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	307	571
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhaoín, Gléasra agus Trealamh	<u>11</u>	<u>0</u>
Glan-Insreabhadh Airgid Ó Mhaoiniú	<u>1,702</u>	<u>1,242</u>
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	(683)	(717)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair	<u>9,074</u>	<u>9,791</u>
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa	<u><u>9,074</u></u>	<u><u>9,791</u></u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe:



David Holohan
Cathaoirleach

Date: 6 Bealtaine 2020



David Smith
Uachtarán

Date: 6 Bealtaine 2020